Teanga Thíoraṁuil na h-Eireann

in a gcuirṫear a gcéill

seanḋaċd agus mórḋaċd na gaeḋilge;

Maille ré

sgríḃinníḃ gaeḋilge fear deaġ-aiṫniġṫe

nar foillsiġeaḋ riaṁ roiṁe.

Dara Rolla.

---

le

T. O. Ruiséal.

PB1216
.R8T3

Clobuailte agus foillsiġṫe le

Sealiġ, Bryars ⁊ Walcér,

Aṫ-Cliaṫ.

1899.



THE PADRAIC UA CASAIDE
MEMORIAL COLLECTION

Pádraig Ua Caraide,
Lowell, Mass. U.S.A.
An deaċṁaḋ lá de ṁí Deireaḋ Foġṁair,
1910.

Teanga Thioraṁuil na h-Eireann

in a gcuirṫear a gcéill

seanḋaċd agus mórḋaċd na Gaeḋilge;

Maille re

sgriḃinniḃ Gaeḋilge fear deaġ-aiṫniġṫe

nar foillsiġeaḋ riaṁ roiṁe.

Dara Rolla.

---

le

T. O. Ruiséal.

[Thomas O'Neill Russell]

Clobuailte agus foillsiġṫe le

Sealiġ, Bryars ⁊ Walcer,

Aṫ-Cliaṫ.

1899.

ii

PB
1214
.R97
1899

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

231165

Réaṁ-ḟocal.

1. Measaim gurab é so an céad leabar do ḟoillsiġeaḋ go léir a nGaeḋilig ar feaḋ mórán bliaḋan, in naċ bḟuil aon ḟocal Beurla. Rinne mé mo ḋiṫċioll ḋ'a sgrioḃaḋ a nGaeḋilig ċeirt, agus lorg Chéitinn, Bhedel, Uí Mhaolṁuiḋ agus deaġ sgrioḃnoraċ ḋ'a n-aois do leanṁuin. Ní furas é sin do ḋéunaṁ anois, óir ta bearna trí céad bliaḋan, beagnaċ, sa nGaeḋilig, ó nár sgrioḃaḋ í le daoiniḃ fíor-ḟoġlumṫa innte ar feaḋ an ḟaid sin d'aimsir. Tuile fós, is mór an t-aṫarruġaḋ ṫáinic ar an saoġal ó aimsir Chéitinn; is iomad na neiṫe ar a bḟuil riaċtanaċ sgrioḃaḋ anois nár aiṫniġeaḋ trí céad bliaḋain ó soin; agus dá mairfeaḋ Céitinn anois, ní ḟeudfaḋ

sgrioḃaḋ go beaċt sa gcanaṁuin in ar sgrioḃ sé san seaċtṁaḋ aois déug, óir ní ḟanann aon teanga in aon ċuma a gcoṁnuiḋe; muna gclaoċluiġid a focail, claoċluiġiḋ an moḋ in a gcuirṫear a ḃfeiḋm iad.

2. Is éigean a ráḋ go ḃfuil mórán difre san moḋ in ar cleaċtaḋ séiṁiuġaḋ le Céitinn, Bedel, etc., agus an moḋ in a gcleaċtar anois é, a labairt agus a sgrioḃaḋ. Ag so líne as "Trí Bior Ghaoiṫe an Bháis" naċ deirfeaḋ a's naċ sgrioḃfaḋ daoine in aon áit in Eirinn anois, "Do leiṫ ḟlaiṫis Dhe." Ní ċuirfiḋe punc ar an "d" san ḃfocal sin san gcás geineaṁnaċ, óir deirmid "beannaċd Dé," "trócaire Dé." Chítear ḋam go raiḃ an cleaċtaḋ a dtaoiḃ séiṁiġṫe mirialta sa t-sean Ghaeḋilig, agus go ḃfuil sé mirialta fós.

3. Rinne mé iarraiḋ in san leaḃrán so an t-eidir-ḋealuġaḋ eidir "re" agus "le" do ċoimeud. Ní furas é sin do ḋeunaṁ, óir is fad ó d'eiriġ mio-orduġaḋ eidir an dá focal so, agus b'ḟéidir naċ dearnas an niḋ ba ċeart ins na h-uile áitiḃ. Is mór an náire dúinn go gcoimeudaid na h-Alba-

nuiġ ceart úsáid na bfocal so níos feárr 'na sinne. Ní'l aċt beagán níos mó 'na céad bliaḋain ó ċaill na h-Éireannuiġ an t-eidirḋealuġuḋ eidir "re" agus "le."

4. Tá focail éigin sa nGaeḋilig dá naċ lán riaġalta a litriuġaḋ fós. 'Si an roinn is líonṁaire ḋíob anmna cineaḋaċ sa gcás tabartaċ iolraḋ, mar "Éireannaċaib," "Albanaċaib," "Laiġeanaċaib," etc., atá litriġṫe "Éireannuiġib," "Albanuiġib," "Laiġeanuib" le h-úġdaraib éigin. Tá an dá ṁoḋ so litriġṫe re fáġail a sgríbinnib na n-úġdar is feárr. Do leanas féin an dá ṁoḋ, mar naċ raib úġdarás agam cia aca is feárr, agus rinneas mar sin le foclaib éigin eile.

5. Rinne mé iarraiḋ mar an gceudna, an riaġal um an dá "nn" a ndeireaḋ briaṫar san uiṁir uaṫa, am láṫaireaċ, do leanṁuin do réir mar foillsiġṫear í leis an Saoi R. Aitcinson a gcoiṁċeangal "Trí bior ghaoiṫe an bháis," óir is soilléir go dtugaḋ fá deara leis na sean úġdaraib í.

6. Ní cuirṫear aon ġné neaṁċoitċeann ná nuaḋ ar litriuġaḋ Gaeḋilge an leabair so, óir leanas cóṁ

dluṫ a's d'ḟeudas, litriuġaḋ na n-úġdar do sgrioḃ an teanga an tan do ḃi sí faoi ḃláṫ agus d'a labairt go coitċeann ar fud na tíre go léir. Sgrioḃaid daoine éigin "a lár an tiġe," agus sgrioḃaid daoine eile "i lár an tiġe;" tá an dá focal, "i" agus "a," re fáġail a sgriḃinniḃ deaġ úġdar; ní'l fios agam cia aca is feárr, agus ar an áḋbar sin, ċuireas an dá focal a ḃfeiḋm, óir measaim gur ceart iad araon.

7. Tá beagán áinm-focal sa nGaeḋilig ar a ḃfuil níos mó ná aon foirm díoclaonta, agus tá an t-ainm-focal "teanga" 'n a measg. Deuntar "teangan" de sa gcás geineaṁnaċ i gcúige-Mhuṁain, agus "teangaiḋ" i gcúige Chonnaċt, aċt 'sí "teanga" foirm an ġeineaṁnaiġ tugtar le Coneys in a foclóir, agus do leanas ar a lorg.

8. Rinne mé mo ḋiċċioll úsáid focal cruaiḋ agus neaṁċoitċeann do seaċnaḋ; agus do lean mé, cóṁ dluṫ a's d'ḟeud mé, cleaċtaḋ na n-úġdar Gaeḋilge is feárr. Má do ṫeb sé orm ar uairiḃ, an eiseompláir ṫug siad dúinn do leanaṁuin, measaim go ndearfar naċ ḃfuil líne san leaḃar so naċ soilléir dóiḃ so ṫuigeas an teanga in a sgrioḃtar é.

9. Rinne mé mo ḋiċċioll, mar an gceudna, earrá-daċa ċló do ḋíbirt as an leaḃar so; níḋ naċ furas 'nuair naċ tuigeann an cloḋadóir an teanga in a sgríobṫar é. Má do ċuaiḋ cuid díoḃ ṫar m' aire—aċt measaim naċ líonṁar iad—tá aon leiṫsgeul agam leis an ḃfear do sgríoḃ an céad leaḃar dc cloḃuaileaḋ i nGaeḋilig, "naċ raiḃ aon ḟocal di ag fear buailte an ċló."

10. Tá súil agam go leanfaiḋ daoine eile ar lorg an leaḃráin so, agus go ndeunfaid iarraiḋ litreaċt nuaḋ Gaeḋilge do ċur ar bun. Tá sean sgeulta maiṫ go leor, aċt measaim go ḃfuil go leor díoḃ againn ċeana, agus measaim naċ aiṫḃeoċar an Ghaeḋilig go deo le litreaċt de'n ċineul sin. 'Sé an níḋ atá teastuiġṫe uainn, níḋ éigin nuaḋ sa n-Gaeḋilig nuaiḋ as a dtig linn níḋ éigin d'ḟoġluim.

T. O. R.

---

* Rinnear dearmad re ráḋ ins an reaṁ-ḟocal céid rolla an leaḃráin seo gur sgríoḃas ar uairiḃ an t-ainmneaċ uaṫa agus ar uairiḃ eile an geineaṁnaċ

iolraḋ a ndiaiġ meuduiġṫeoraċ deiċ, óir tá an dá ċleaċdaḋ re fáġail a sgríḃinniḃ na n-úġdar is feárr. Sgríoḃaid cuid díoḃ “fiċe bliaḋain, céad duine;” agus sgríoḃaid cuid eile “fiċe bliaḋan,” “cěad daoineaḋ.”

T. O. R.

Clár.

An ċéad alt, duille 1

Seandaċd na Gaeḋilge.—An sgribinn dá ngoirṫear Oġam.—An Dagda.—Dearláṁaċd an Oġaim.—Seandaċd stáire na h-Eireann.—Lúġnasaḋ.—Tailtean.—Seandaċd anmann áiteaḋ in Eirinn.

An dara h-alt, duille 8.

Troid a dtaoib na litreaḋ.—Tá na litre Romáṅaċa níos dearláṁaiġe.—Mór-ċosdus na sean litreaḋ.—Tá na sean litre níos deise; an ċuid is mó de na daoinib tugṫa dóib.—An troid a dtaoib na litreaḋ a nGearmáin.—Deise sgribinne sna sean litrib.—Dioġbáil na troda a dtaoib na litreaḋ.

An treas alt, duille 12.

Dreoġaḋ na Gaeḋilge.—Tá sí ag eulóġaḋ gan cúis.—Gaeḋilig in Aṫ-Luain caogad bliaḋain ó soin.—Gaeḋilig d'a labairt a gConndae Aṫ-cliaṫ sa mbliaḋain 1837.—Is éigean an Ghaeḋilig do ṫabairt fá ṁeas.—Diṫ litreaċta nuaiḋe innte.—Teanga na Breataine.—Cionnus do saoraḋ í.—Gaeḋilig teanga na mboċt.—An Ghearmáinis agus an Ruisis.—Cionnus do saoraḋ iad.

An Ceaṫraṁaḋ Alt, duille 19.

An Ghaeḋilig ag eulóġaḋ uainn anois níos luaiṫe 'na fad ó.—Na daoine isle d'a dearmad; na daoine árda d'a foġluim.—"Trí Bior Ghaoiṫe an Bháis."—"Silva Gadelica."—A bfuiġfiḋ an Ghaeḋilig bás?

An Cúigeaḋ Alt, duille 24.

Riaċtanas leabair sa nGaeḋilig.—Litreaċt ṁór na Breaṫnuise.—Na mín-ṫeangṫá atá faoi Austria.—Ní'l siad fáġail báis.—Seandaċd agus mórḋaċt na Gaeḋilge a g-comórtus leo.—Mín-ṫeangṫa Mór-ṫíre na h-Eorpa beo fós agus faoi bláṫ.—Gaeḋilig in Albain.—'Sé tíorġráḋ faoras teangṫa.

An Seiseaḋ Alt, duille 32.

Misneas na ndaoineaḋ isiol ar an Gaeḋilig.—An garún boċt naċ labairfeaḋ Gaeḋilig.—Misneas ar an Gaeḋilig re fáġail a measg na nEireannaċ.—Gaeḋilig in America dá fiċid bliaḋain ó soin.—Misneas ar an mBeurla a Sasain a n-allód.—'Sé an claiḋeaṁ leaṫnuiġeas teangṫa.—Mórán cumann Gaeḋilge ar na gcur ar bun go déiġeanaċ.—Tá leabair Gaeḋilge teasduiġṫe uainn.

An Seaċtṁaḋ Alt, duille 39.

Stáid ṁío-aḋṁar na Gaeḋilge ar feaḋ mórán aois.—Sgriosda deunta leis na Loċlannuiġib.—Troid a measg na ríoġ cúigeaċ.—Léirsgrios na h-Eireann tar éis gabála Luimniġ.—Teirce daoineaḋ eolaċ ar an

Gaeḋilig san oċtṁaḋ aois deug.—Seáan O Donnabáin an fear do ċuir aiṫbeoġaḋ na Gaeḋilge ar bun ar dtúis.—Eamon O Raġailliġ.—Eoġan O Coṁraiḋe.—Stáid boċt na Gaeḋilge anois.—An Saoi Stócs,—Ní'l mórán maiṫeas do'n Ghaeḋilig aistriuġaḋ sean leabar.—Dánta le O Donnabáin.—Píosa beg sean Gaeḋilge leis an Saoi Stócs.

An t-Oċtṁaḋ Alt, duille 53.

Feall na na n-Albanaċ ar an Gaeḋilig.—Rinneadar aṫarruġaḋ innte gan cúis.—An "Leabar Dier."—Somplaiḋe Gaeḋilge ceirte do sgrioḃaḋ in Albain.—Aḋḃar f'a ndearnadar na h-Albanaiġ aṫarruġaḋ sa nGaeḋilig.—An leiṫsgeul bacaċ deunaid d'a h-aṫarruġaḋ.—An Tiomna Nuaḋ déiġeanaċ a nGaeḋilig na h-Alban.—Rinne na h-Albanaiġ niḋ naċ dearnaḋ le h-aon ċineaḋ eile.

An Naoṁaḋ Alt, duille 67.

Riaċtanas páipeuir nuaiḋeaċt a nGaeḋilig.—Ní'l aċt aon ċeann san doṁan, "An Mac Talla."—Riaċtanas airgid ċum páipéir do ċur ar bun.—Glaine teanga.—Focail nuaḋa.—Moḋa nuaḋa labarṫa.—Ait-anmanna na h-Eireann.—Litre nuaḋa.—Teirce clóḋadóraċ ṫuigeas Gaeḋilig ; ba ċóir dóiḃ í foġluim.

An Deaċṁaḋ Alt, duille 75.

An t-sean Ghaeḋilig.—Baraṁala coitċeanna d'a taoiḃ.—Ní ceart an moḋ in a bfoillsiġṫear an ċuid

is mó de'n t-sean Ghaeḋilig.—Sompla Gaeḋilge de'n aonṁaḋ aois deug.—Sompla as an Leabar Breac.—Rainn ó'n "bFéilire."

AN T-AONṀAḊ ALT DÉAG, duille 82.

Cá h-áit a labarṫar an Ghaeḋilig is fearr?—Gaeḋilig cúige Mhuṁan.—Gaeḋilig cúige Chonnaċt. Gaeḋilig cuige Ulaḋ.—Gaeḋilig Dúin-na-nGall.—Mallaċt de "locánaċt."

AN DARA h-ALT DEUG, duille 91.

Sompla Gaeḋilge sgrioḃṫa le Seáan O Neill san seiseaḋ aois deug.—Ní furas í ṫuigsin.

AN TREAS ALT DEUG, duille 96.

Ní h-áil le luċd an Bheurla teangṫa coigcríoċa.—Fraincig na Canada.—Mórḋaċd an Bheurla.—Meud daoineaḋ dá-ṫeangaċ a nEuróip.—Binneas na Gaeḋilge.

Teanga Ṫíoraṁuil na h-Éireann.

Tá áḋḃar re mear go bḟuil an Ghaeḋilig níos sine 'na aon teanga eile na h-Eorpa, giḋ naċ bḟuil aon sgríḃinn innte ċóṁ sean le sgríḃinn atá sa nGréigis no san Laidinn. Feudtar a ráḋ naċ tig linn dearḃaḋ do ṫaḃairt go bḟuil an Ghaeḋilig níos sine no ċóṁ sean le Gréigis no le Laidinn, óir ní ḟeudamuid aon sgríḃinn Gaeḋilge do ṫais-beunaḋ do sgríoḃaḋ roiṁ aimsir Naoiṁ Ṗátraic. Is fíor naċ bḟuil aon leaḃar Gaeḋilge láiṁ-sgríoḃṫa 'gainn ċóṁ sean le aimsir an Naoiṁ sin féin; aċt is cóir ḋúinn cuiṁniuġaḋ gur laḃaraḋ gaċ uile ṫeanga sul sgríoḃaḋ iad, agus naċ iad na teangṫa ba ṫaosga do sgríoḃaḋ, na teangṫa is sine. Aċt ní'l aon dearḃaḋ againn nár sgríoḃaḋ an Ghaeḋilig míle bliaḋain sul ṫosuiġ na h-Eireannuiġ úsaid do ḋeunaṁ de na litriḃ

Románaċa in a sgrioḃṫar an leaḃrán so. Tá lán eolais againn go raiḃ moḋ sgriḃinne aca in Eirinn a ḃfad sul sgrioḃ daoine sna litriḃ dá ngoirṫear litre Gaoḋalaċa no Eireannaċa, eaḋon, an sgriḃinn Oġaim. Ní'l aon eolas ag aon duine cá h-am do cleaċtaḋ an moḋ sin sgriḃinne ar dtús leis na h-Eireannaċaiḃ. Aċt deir Nennius do sgrioḃ stáir Ḃreataine agus Eireann san naoṁaḋ aois, gurab é Ogma dearḃraṫair an riġ dá ngoirṫear "an Dagda" do ḃí ós cionn Tuaiṫe de Danann, do ṫug eolas litreaḋ d' Eirean-nuiġiḃ* ar dtús; agus do ṁair "an Dagda" mórán níos mó 'na míle bliaḋain roiṁ Críosd, do réir na seanċaiḋ Eireannaċ. Ní h-inṁeasta go g-cuirfiḋe síos Nennius niḋ do ḃí gan úġdaras, agus é 'na Bhreatnaċ ag sgrioḃaḋ ar Eirinn. Is ó'n Ogma sin goirṫear an cineul sgriḃinne dá dtugṫar "Oġam" mar ainm. Ní'l aon áḋḃar againn re meas naċ raiḃ eolas ag na h-Eireannaċaiḃ ar sgriḃinn Oġaim míle bliaḋain roiṁ Críosd. 'Si baraṁuil na ndaoineaḋ is eolaiġe ar an g-cúis so gurab in aimsir Naoiṁ Phátraic ṫáinic eolas na litreaḋ Románaċ ċum Eireann; óir gan amrus 'siad litre Románaċa na litre dá ngoirṫear go coitċeann, litre Gaoḋalaċa. Tá gaċ aon litir na h-aibgitre Románaiġe re fáġail sa t-sean Gaeḋilig;

* Feuċ Réaṁfocal, míonalt 4.

aċt 'sí baraṁuil mórán daoineaḋ foġlumṫa gurab iad na h-Eireannuiġ do ċum ar dtús na litre Gaoḋalaċa as na litriḃ Rómánaċa.

Chíḋtear ḋamsa, agus ba h-í baraṁuil mórán naċ mé, naċ raiḃ aon ṁoḋ sgríḃinne níos dear-láṁaiġe 'na níos aoinḟilte * 'na an t-Oġam. Má do ḃí duine ann riaṁ darab cóir a ḃaraṁuil do ċlos ar an gcúis so, ba h-é Eoġan O Coṁaraiḋe; agus ag labairt ar an Oġam duḃairt sé nár ḃféidir le h-aon duine diṫ inneall sgríḃinne do ḃeiṫ air ċóiṁ fad a's do ḃeiḋeaḋ bata 'na láiṁ, agus sgian in a ṗóca; óir leosan aṁáin ḃí na h-uile neiṫe aige do ḃeiḋeaḋ a dteasdáil uaiḋ ċum sgríḃinne Oġaim do ċumaḋ.

'Sí mo ḃaraṁuil féin agus 'sí baraṁuil mórán daoineaḋ eile, go raiḃ eolas ar an Oġam, no ar ċineul sgríḃinne eile, ag na h-Eireannaċaiḃ ó'n aimsir imċéin; agus cuirfead síos beagán de na h-áḋḃaraiḃ fá measaim go raiḃ eolas ar ċineul sgríḃinne aca níos mó 'na míle bliaḋain roiṁ geineaṁuin Ċríosd. Tá mé cinnte go mbeiḋ baraṁuil na coda is mó de na daoiniḃ atá eolaċ ar neiṫiḃ ḃeanas leis an Gaeḋilig,

---

* "Aoinḟilte," ionann an focal so agus "simpliḋe," aċt measaim naċ cóir an focal déiġeanaċ do ċleaċtaḋ, óir ní fad ó táinic sé asteaċ sa nGaeḋilig. Tá "aoinḟilte" le fáġail i nGaeḋilig na h-Alban. Is maiṫ an focal é, agus is ionann a ċiall le céill na fréime Laidne as a dtáinic "simpliḋe."

am aġaiḋ; aċt 'sí cúis í naċ socróċar, b'ḟéidir, go deo, agus tá ceart d'a ḃaraṁuil féin ag gaċ aon duine.

Tá a ḟios ag gaċ uile ḋuine eolaċ ar stáir na h-Eireann go dtéiḋeann sí ar ais go dtí beagnaċ dá ṁíle bliaḋain roiṁ geineaṁuin Ċríosd; agus go luaiḋtear anmna mórán ríoġ, na caṫa in a dtroideadar, agus mórán d'a n-eaċtraiḃ, do ḃean fir na Ḟearaiḃ Bolg agus na Tuaṫaiḃ de Danann sul ṫáinic meic Mileḋ ċum Eireann, agus ṫáinic siadsan innte níos mó 'na míle bliaḋain roiṁ geineaṁuin Ċríosd. B'ḟéidir go ndéarfar le daoiniḃ éigin naċ cóir aon t-suim do ċur san níḋ dá ngoirtear "seanċus bárdaċ"; aċt 'nuair ċíḋmíd go mairid in ár measg andiu, focail éigin, eidir anmnaiḃ daoineaḋ, anmnaiḃ áiteaḋ 'gus anmnaiḃ neiṫeaḋ, in a gcoiméadtar anmna daoineaḋ do ṁair níos mó na oċt gcéad bliaḋain deug roiṁ geineaṁuin Ċríosd, is éigean dúinn a ráḋ go ḃfuil bunait fírinne san "seanċus bárdaċ" so. Tá a ḟios ag gaċ aon ṫuigeas Gaeḋilig naċ ḃfuil aċt aon ainm san teanga sin ar an oċtṁaḋ mí sa mbliaḋain, eaḋon, "Lúġnasaḋ." Cad is ciall de'n focal sin? "Ní annsa," mar a deirtí é leis na daoiniḃ fad ó, na daoiniḃ do sgríoḃ an "Dinnseanċus" ins na sean leaḃraiḃ Eireann. 'Sí ciall an focail "Lúġnasaḋ,"

na cluiċṫe, nó cleasa de Lúġ. Agus cia h-é an Lúġ so? Rí de Thuaṫaiḃ de Dannan do ṁair níos mó 'na oċt gcéad bliaḋain deug sul rugaḋ ár Slánuiġṫeoir! Cá h-áit a ḃfuair na h-Eireannuiġ an focal so atá beo anois in gaċ áit in Eirinn agus in Albain in a ḃfuil an Ghaeḋilig d'a laḃairt? Fuaradar é ó'n Lúġ sin, agus is uaiḋ do goireaḋ an t-oċtṁaḋ mí, óir is 'na toraċ do céileaḃairṫaoi na cluiċṫe do rinneaḋ leis a n-onóir a ṁáṫar.

Aċt tá focal eile níos táḃaċtaiġe fós, óir is ainm áite é. 'Sé an focal "Tailtean" is mian liom luaḋ. Tá a ḟios ag gaċ aon go ḃfuil Tailtean ceiṫre ṁíle ó Cheannanus a gCondae na Miḋe. Cad f'a ḃfuil an t-ainm sin uirri? De ḃriġ gurab ó "Thailte," máṫair an Lúiġ sin dá ngoirṫear Tailtean; agus is geineaṁnaċ de "Thailte" Tailtean; óir tá cás geineaṁnaċ an ḟocail "Tailte" deunta le cur an litir "n" in a ḋeireaḋ, mar mórán focal eile sa nGaeḋilig. 'Sí Tailtean atá ar an áit sin fós 'nuair laḃarṫar uirri a nGaeḋilig; agus 'sé truailleaḋ an anma Gaeḋilge an t-ainm Beurla atá ar an áit sin andiu.

Cionnos is féidir le h-aon duine dá ḃfuil miniuġaḋ no ciall an dá ḟocal so, Lúġnasaḋ agus Tailtean, eolaċ, gan creideaṁ do ċur san stáir no "seanċus

bárdaċ" na h-Éireann? Ní'l aon ṁoḋ in a dtig linn mairċuinn an dá ḟocal so do ṁíniuġaḋ go dtí an lá so, muna gcuirimid suim san "seanċus bárdaċ" na h-Éireann. Ní h-iad an dá ḟocal so aṁáin in a ḃfuiġmid dearḃaḋ go dtéiḋeann stáir na h-Éireann níos faide ar ais a n-eadarsolus an t-saoġail 'na stáir aoin tíre eile na h-Eorpa, óir tá mórán áiteaḋ eile ar fud na tíre d'ḟeudamuid ċóṁairċuġaḋ ó n-a n-anamnaiḃ, le anamnaiḃ daoineaḋ do ṁair níos mó 'na dá ṁíle bliaḋain ó soin. A n-aon ḟocal, ní ḃfuil aon tír eile na h-Eorpa in a ḃfeudamuid an meud sin áiteaḋ do ċóṁairċuġaḋ le daoiniḃ do ṁair fad ó, a's d'ḟeudamuid in Éirinn; agus ní'l aon ḟear ciallṁar a's cneasda re fáġail naċ dearfaḋ go ḃfuil fírinne ċoitċeann sean stáire na tíre beagnaċ dearḃṫa le somplaiḃ mar iad so tugṫar suas.

Cionnos do ṫarlaiġ go raiḃ seanċuiḋe na h-Éireann cumasaċ ar anmanaiḃ dáḟicid rioġ do ṁair níos mó 'na míle bliaḋain roiṁ an Ionċolnuġaḋ do ṫaḃairt dúinn muna raiḃ eolas ar ċineul éigin sgríḃinne aca? So ceist naċ furas freagraḋ do ċur uirri. B'ḟéidir gur ḟeudadar cunntas do ċoimeud ar stáir na tíre ó ḃeuloideas aṁáin; aċt ní inṁeasta sin. D'ḟeudadar é sin do ḋeunaṁ ar feaḋ céad no dá ċéad

bliaḋan; aċt cionnos d'ḟeudadar é sin do ḋeunaṁ ar feaḋ míle bliaḋan? Ar ċur gaċ uile niḋ le ċéile, ar smuaineaḋ go geur ar an gceist, agus ar ḟeicsin go bfuil dearbaḋ againn ar mórán dá ndúbairt siad a dtaoib neiṫeaḋ do ṫarlaiġ níos mó' ná míle bliaḋain roiṁ an Ionċolnuġaḋ, is éigean dúinn do ṁeas go raib cineul éigin sgríbinne ar na ċleaċdaḋ leis na h-Eireannuiġib ó'n aimsir imċéin.

8

An Dara h-Alt.

Ní'l aon ċeist ḃeanas ris an Gaeḋilg ar a ḃfuil na daoine atá eolaċ uirri níos mó pointe 'na ar ċeist na litreaḋ in ar cóir í do sgrioḃaḋ. Tá 'n troid so in Eirinn um na litriḃ an ċosaṁuil ris an troid ar an gceist ceudna do ḃí a nGearmain ceud, no ceud go leiṫ bliaḋain ó ṡoin. Ní'l an ċeist socruiġṫe i nGearmain níos mó 'ná in Eirinn, agus is cosaṁuil naċ mbeiḋ sí socruiġṫe annso ná annsud go deo. Tá mórán taoḃ ar an gceist so na litreaḋ, agus tá mórán iomráiḋ ar gaċ taoiḃ aca. Aċt is cinnte go ḃfuil aon nió ḃeanas ria ar naċ ḃfuil aon aṁrus, eaḋon, go ḃfuil an ċuid is mó de na h-Eireannuiġiḃ ar ṫaoiḃ na sean litreaḋ agus a n-aġaiḋ cleaċdaiḋ na litreaḋ Románaċ a' sgriḃinn Gaeḋilge.

Tá dá ádḃar f'a ḃfuil uráid na sean litreaċ diobálaċ do'n Ghaeḋilig; an ċéad ádḃar, mar ġeall ar ṁór ċosdus díoḃ a gcomórtus le cosdus na litreaċ Rómánaċ. Cuir a gcás go raiḃ dúil ag duine leaḃar do ḋeunaṁ clóḃuailte sa nGaeḋilig, do ḃeiḋeaḋ a ċosdus aon ċeaṫraṁaḋ níos mó dá gclóḃuailfiḋe sna sean litriḃ é, i n-áit na litreaċ Rómánaċ; an dara ádḃar atá a n-aġaiḋ na sean litreaċ, ní'l aon ċló italacaċ ionnta; agus is eol do gaċ aon úġdar gur riaċdanaċ ḋó ar uairiḃ cló italicaċ do ċur a ḃfeiḋm. Ar an dtaoiḃ eile is éigean dúinn aḋmáil go ḃfuil an ċuid is mó de litreaċt na Gaeḋilge sgríoḃṫa sna sean litriḃ, agus go ḃfuil sean litreaċt na teanga sgríoḃṫa ionnta go léir. Tuilleaḋ fós, is fíor gurab deas iad na sean litre; agus giḋ go sgannruiġid daoine éigin ó ḟoġluim na Gaeḋilge, cuirid dúil ar ḋaoiniḃ eile d'a ḟoġluim. Ní ḟeicim féin aon t-sliġe as an deacraċd, aċt leigean do gaċ aon a roġa féin. Leig dóiḃ so ṫoiliġeas sgríḃinne no leaḃair do ḋeunaṁ sna sean litriḃ no sna litriḃ Rómánaċa, a roġa féin do ḃeiṫ aca. Is mar sin atá sé a nGearmáin. Tá an Ghearmáinis sgríoḃṫa san dá ṁoḋ. Tá an ċuid is mó de na páipeuraiḃ nuaiḋeaċta san gcló Goticaċ no Gearmánaċ, agus tá an ċuid is mó de na leaḃraiḃ ṫráċtas ar ealaḋain, san gcló Rómánaċ.

Deirṫear nać ḃfuil aon ḋiṫfir eidir cosdus de ċlóḃualaḋ san dá litir a nGearmáin; agus dá mbeiḋeaḋ an cló Gaoḋalaċ ċóṁ líonṁar leis an gcló Roṁánaċ san tír so, ní ḃeiḋeaḋ aon ḋiṫfir in a gcosdus. Is fíor é go ḃfuil na leaḃair Gaeḋilge atá cloḃuailte sna sean litrib mórán níos deise do'n t-súil iona na leaḃair foillsiġṫear san gcló Roṁánaċ; aċt tá níos mó earráid re fáġail ionnta, go coitċeann, óir brisid na puinc ós cionn na litreaḋ go furasda ar dul tres an ḃfáisgean. Ní'l aon ḟear beo anois d'aistriġ no do sgríoḃ an meud Gaeḋilge leis an Saoi Stócs, aċt níor ḟoillsiġ sé riaṁ aon leaḃar Gaeḋilge nar cloḃuaileaḋ sna litrib Roṁánaċa.

Taḃairid na litre Gaeḋilge faill mór do ḋeaġ sgríoḃadóir ċum sgéiṁe a sgríbinne d'ḟoillsiuġaḋ. Ní ḟacas riaṁ sgríbinne ċóṁ deas le sgríbinn Gaoḋalaiġ. Ní ṫráċdaim anois ar na sean leaḃraib móra, mar Leaḃar Laiġean agus Leaḃar na h-Uiḋre, aċt ar leaḃraib sgríoḃṫa taoḃ istiġ dá ċéad no trí ċéad bliaḋan, agus atá re feicsin sa gColáiste na Trionóide agus a n-áitib eile a n-Áṫ-cliaṫ. 'Sé an niḋ is aistiġe a dtaoiḃ sgríbinne Gaoḋailiġe nać iad na daoine is feárr sgríoḃas na litre Roṁánaċa is feárr sgríoḃas na litre Gaoḋalaċa. Tá niḋ eile a dtaoiḃ sgríbinne sna sean litrib atá níos aistiġe fós,

tá mórán díoḃ so sgríoḃas í go h-álainn, agus iad gan aon eolas ar biṫ ar an Gaeḋilig!

Ba ċóir gan aon tsuim níos mó do ḃeiṫ in ár measg a dtaoiḃ na litreaḋ in a sgríoḃfar no in a gcloḃuail-ḟear an Ghaeḋilig. Deuniḋ tsuim um an gcúis so mórán díoġḃála; agus mar a dúḃras ċeana, ní ḃeiḋ an ċeist socruiġṫe go deo. Ċóṁ fad a's maireann an Ghaeḋilig, beiḋ sí sgríoḃṫa agus cloḃuailte san dá ṁoḋ. Ba ṁaiṫ liom go mbeiḋeaḋ níos mó Gaeḋilge a gclo againn, is cuma cad iad na litre in a sgríoḃ-riḋe í. 'Siad leaḃair agus litreaċt na neiṫe atá teasdail uainn. má's mian linn an Ghaeḋilig do ḟaoraḋ ó ḃás. Dá mbeiḋeaḋ gaċ duine in Eirinn eolaċ uirri, agus í do ḃeiṫ gan go leor leaḃar de gaċ aon ċineul litreaċta innte, ní féidir lei mairṫainn aċt ar feaḋ tamaill. Ba h-í diṫ leaḃar innte ar feaḋ na dtrí aois déiġeanaċ do ṫug ar an Gaeḋilig do ḃeiṫ san staid in a bfuil sí, eaḋon, ar ḃruaċ ḃáis. Aċt saorfear ó ḃás í má's mian linn a saoraḋ.

An Treas Alt.

Giḋ go ḃfuil an Ghaeḋilig níos sine 'na aon teanga eile atá d'á labairt in Eoróip anois, taoḃ amuiġ na Gréigise, agus giḋ go ḃfuil sean litreaċt innte atá níos mó agus níos fáirsinge 'na sean litreaċt aoin teanga na roinne sin domain, taoḃ amuiġ na Laidne, ní'l aon teanga san doṁan, agus ní raiḃ aon teanga ann ariaṁ, do ċuaiḋ ar euloġaḋ ċóṁ luaṫ lei, gan caṫ gan cogaḋ. Bhí teangṫa san doṁan fuair bás go h-obann, de ḃríġ gur marḃaḋ go h-obann iad sin do labair iad. Is mar sin fuair teanga Charthago bás, óir do marḃaḋ na daoine dar teanga í leis na Rómánaċaib. Ní'l aon sompla ḋí le fáġail anois, aċt na beagán línteaḋ atá san úġdar Rómánaċ, Plautus. Ní mór an t-iongnaḋ go ḃfuil teanga Charthago marḃ. 'Sé an t-iongnaḋ

d'a ċineul is mó dá ḃfuil san doṁan, Gaeḋilig Eireann agus Alban do ḃeiṫ mar atá sí. Gan cogaḋ, gan geirleanṁuin, tá sí ag euloġaḋ, ní aṁáin ar beul aċt ar cuiṁne na ndaoineaḋ dar máṫair-ṫeanga í; agus rud níos iongantaiġe fós, is le ciuineas stáide na tíre, le feaḃas stáide na ndaoineaḋ, agus le díolaiṫir cogaiḋ, atá "Teanga Ṫíoraṁuil na h-Eireann," ag dul níos luaiṫe ar euloġaḋ! 'Nuair ḃí cogaḋ agus troid san tír, an tan ba "ḃród na beaṫaḋ" iad, ḃí an Ghaeḋilig d'a laḃairt ó ḃárr go bun na h-Eireann

Is iongantaċ é, agus is truaġ re smuaineaḋ ar an luas le'r euloiġ an Ghaeḋilig as áitiḃ in ar laḃaraḋ í go coitċeann caogad bliaḋain ó soin. Bhí mé in Aṫ-luain ar an t-Sionainn ar lá ṁargaiḋ sa mbliaḋain 1841, no 42. Bhi an baile lán de ḋaoiniḃ; agus ċonnarcas dam go raiḃ deiċ ndaoine ag laḃairt Gaeḋilge a n-aġaiḋ aoin duine do laḃair Beurla. Is cinnte go raiḃ mórán níos mó Gaeḋilge 'na Beurla d'a laḃairt ag an uair sin a n-Aṫ-Luain; aċt a nois, is féidir le duine ḃeiṫ sa mbaile sin ar feaḋ bliaḋna gan aon ḟocal aċt Beurla do ċlos. Deirṫear é go raiḃ mórán Gaeḋilge d'a laḃairt a gCondae Aṫ'-cliaṫ cóṁ déiġeanaċ le tosaċ na h-aoise so. Deir

Eoġan O Coṁaraiḋe a n-aon d'a litriḃ atá re feicsin san Ard Sgoil Rioġaṁuil a n Áṫ-cliaṫ, go ḃfaca sé fear agus bean do ḃí 'na gcoṁnuiḋe timċeall míle go leiṫ ó Thaṁlaċt a gCondae Áṫ'-cliaṫ agus do ṁair in sin ar feaḋ a mbeaṫaḋ go léir, do labair deaġ Ghaeḋilig ris sa mbliaḋain 1837. Ba h-iongnaḋ mór é d' O Coṁaraiḋe, Gaeḋilig do ċlos uaṫa, agus d' ḟiafruiġ sé ḋíoḃ cá h-áit a ḃfuaradar a nGeaḋilig, agus cá h-áit as a dtangadar. Dúḃradar ris go rugaḋ agus gur tógaḋ suas san áit sin iad; agus 'nuair do ḃadar óg, naċ cualadar focal Beurla aċt ó tiománuiġiḃ capull ó Áṫ-cliaṫ. Bhí na daoine so 'na gcoṁnuiḋe timċeall cúig míleaḋ Eireannaċ ó ċeart láir caṫraċ Áṫ'-cliaṫ.

Ni eulóċaḋ an Ghaeḋilig ċóṁ luaṫ sin uainn má do ḃí sí d'a labairt le daoiniḃ foġlumṫa, agus má do ḃí níos mó leaḃar agus irisleaḃar innte. Má's mian linn an Ghaeḋilig do ṁarṫainn, is éigean dúinn í do ṫabairt fa ṁeas. Má saorfar an Ghaeḋilig ó ḃás, saorfar í mar do saoraḋ na h-uile ṫeangṫa eile atá faoi ḃláṫ anois, agus do ḃí, ní fad ó 'ndiú, a stáid tinnis agus laige níos measa go mór iona an stáid in a ḃfuil teanga na h-Eireann anois. Tá trí ṫeangṫa in Euróip agus ba h-éigean do gaċ aon

Eireannaċ Breaṫnuġaḋ go maiṫ orra, agus d'a dtabairt faoi deara; 'siad so an teanga Breaṫnuise, an teanga Gearmáinise, agus an teanga ṁór sin atá a ndán re beiṫ 'na teanga bus mó san doṁan, eaḋon, an Ruisis. Cionnos do saoraḋ na teangṫa so ó ḃás? Ní'l aċt aon ḟreagra 'ṁáin ar an gceist so. Do saoraḋ iad le n-a ndeunaṁ measaṁuil; 'sé sin, le cur a gcló na bfocal agus na bfoirm dob ḟeárr agus ba ċeirte do ḃí ionnta; gan canaṁuin daoineaḋ aineolaċ do ċlobualaḋ; aon ċeann ṫeanga do ḋeunaṁ ar gaċ teanga ḋíob, agus gan teanga aċt í do ċur a gcló.

Céad go leiṫ bliaḋain ó ḟoin ḃí teanga na Breataine níos loige agus níos tinne 'na tá an Ghaeḋilig anois. Níor labaraḋ i aċt leis na daoiniḃ isle agus aineolaċa. Bhí an meud sin diṫfre eidir canaṁuin tuaisceirt agus deisceirt na Breataine, nar ḃféidir le daoiniḃ tuaisceirt agus deisceirt na tíre, ṫuigsin a ċéile. Ní raiḃ leabair clóbuailte ag na Breaṫnuiġiḃ aċt an Bioblа agus beagán leabar urnuiġe. Ní raiḃ mórán measta ag na Breaṫnaċaiḃ* féin ar a dteanga, agus ní raiḃ meas ar biṫ ag na cineaḋaiḃ eile uirri. Aċt d'eiriġ suas fear do saor teanga na Breataine ó ḃás, agus níor ba Breaṫnaċ é, aċt Sasanaċ darb ainm

---

* Feuċ Réaṁḟocal, mionalt 4.

Bhesli. Chonnaic sé naċ raiḃ aon ġráḋ ag na Breatnaċaiḃ ar an Eagluis Shacsanaiġ do ḃí suiḋte 'na measg; agus ba ṁian leis baill d'a eagluis féin do ḋeunaṁ ḋióḃ. Do ṫoġ sé sé no seaċt ḃfir óga, cuid aca Sacsanaċ agus cuid eile Breatnaċ. Chuir sé iad go coláiste a mBreatain ċum na teanga Breatnuise d'ḟoġluim. Chóṁ luaṫ as ḃiodar a ndán seanmóiriḋe do ḋeunaṁ a mBreatnuis, do sgaoil sé iad ar fud na tíre. Ba ḋaoine deaġ labarṫa iad, agus do rinneadar aṫarruġaḋ mór a n-inntinnib na m-Breatnaċ, óir níor labair na cléiriġ do ḃean le h-eagluis na Sacsan, a mBreatnuis aċt go h-anaṁ; aċt níor labair cléiriġ Bhesli aċt Breatnuis ar fad Ní fad go raiḃ leabair Breatnuise ċóṁ líonṁar a m-Breatain a's tá leabair Ghaeḋilge gann in Eirinn anois. D'ḟás suas litreaċt ṁór nuaḋ Breatnuise san tír; agus anois, ní ḃfuil cine eile san doṁan, d'a meud, ag a ḃfuil litreaċt ċóṁ mór a's atá ag na Breatnaċaiḃ. Ní le cloḃualaḋ canaṁuin truailliġṫe do saoraḋ teanga na Breataine ó ḃás, aċt le feaḃas na teanga do ċur ós coṁair na ndaoineaḋ a leaḃraiḃ agus a seanmóiriḃ. Deunaḋ na h-Eireannuiġ an meud sin ar son a dteanga a's do rinne na Breatnuiġ ar son a dteanga, agus ní fad go mbeiḋ an Ghaeḋiliġ faoi ḃláṫ arís.

Ní ṫiocfaiḋ an Ghaeḋilig ċum ċinn go deo ċóṁ fad a'r naċ innte aċt teanga na mboċt agus na n-aineolaċ. Bhí am ann nuair nar laḃaraḋ an Ghearmáinis agus an Ruisis aċt le daoiniḃ gan foġluim. Do laḃair na daoine móra Fraincis a nGearmáin agus a Ruisia; agus dá laḃarfaidís a dteanga féin ar uairiḃ is ris na boċt agus ris na searḃoġantaiḃ do laḃaradaois í. Bhí sé mar sin a nGearmáin go dti an seiseaḋ aois deug, agus bí sé mar sin a Ruisia go dti tosaċ na h-aoise déiġeanaiġe. Dúḃraḋ nar ḟeud an ċeud Nicolas, an té do ṁair a n-aimsir cogaiḋ na Crimea, a ṫeanga féin do laḃairt, agus nar ṫuig sé í aċt go h-olc. Ní raiḃ aon ṁeas ar an Gearmáinis ná ar an Ruisis no gur cleaċtaḋ iad leis na daoinib foġlumṫa agus míniġṫe. Beiḋ sé mar sin leis an Gaeḋilig. Is inṁeasta é agus do réir céille, naċ feudaid daoine neaṁfoġlumṫa aon teanga do ṫaḃairt fá ṁeas gan congnaṁ na ndaoineaḋ foġlumṫa. 'Siad na daoine eolaċa, agus iadsan aṁáin le bḟéidir a ḋeunaṁ. Dá mbeiḋeaḋ an Ghaeḋilig d'a laḃairt ar fud Eireann go léir, agus í do ḃeiṫ gan leaḃar 's gan litreaċt innte, ní ḃeiḋeaḋ lide níos mó measta uirri 'na tá anois. B'ḟéidir naċ ḃfuil ceart agam 'nuair a deirim naċ taḃairfinn triaiṫnín í do ḃeiṫ mar bí sí

leaṫ-ċéad bliaḋain ó ſoin, eaḋon, d'á laḃairt le níoſ mó 'na trí milliúnaiḃ daoineaḋ, aguſ gan meaſ ag aon duine foġlumṫa uirri, aguſ gan leaḃar clobuailte ná iriſleaḃar innte aċt an Bíobla, beagán leaḃar urnuiġe, aguſ leaḃar ſgeultaḋ. Ní'l ṁórán meaſta ar an Ghaeḋilig anoiſ, faraoir, aċt tá ſeaċt n-uair níoſ mó meaſta uirri anoiſ iona do ḃí céad bliaḋain ó ſoin 'nuair a ḃí ſí d'á laḃairt le trí milliúnaiḃ duine; aguſ creud fáṫ? De ḃríġ go ḃfuil na daoine foġlumṫa d'á taḃairt fá deara anoiſ. Caogad bliaḋ-ain ó ſoin dearfuiḋe guraḃ ar buile an té do ċaiṫ-feaḋ aimſir ag foġluim Gaeḋilge. Dá mbuḋ muintear ná h-Eireann, 'ſé ſin, na daoine foġlamṫa, cúramaċ um an Gaeḋilig fad ó, aguſ d'á foġluim mar atá mór ċuid díoḃ d'á foġluim anoiſ, do ḃeiḋeaḋ litreaċt ṁór innte anoiſ, ag cóṁáireaṁ páipeur nuaiḋeaċt aguſ iriſleaḃar de gaċ cineul, mar atá ſan teanga bhreatnuiſ a mBreatain. A ḃfoclaiḃ eile, má ṫáinic dúil d'aiṫḃeoġaḋ na Gaeḋilge caogad bliaḋain níoſ moiċe nuair do ḃí milliún go leiṫ níoſ mó daoineaḋ d'á laḃairt, do ḃeiḋeaḋ mórán níoſ mó maiṫeaſa deunta. Aċt tá ſé a gcumaſ na nEireannaċ fóſ, a dteanga ṫíoraṁuil d'aiṫḃeoġaḋ aguſ do ṫaḃairt faoi ṁeaſ a ríſ.

An Ceaṫraṁaḋ h-Alt.

FEUDTAR a ráḋ nar cuireaḋ móran leasuiġṫe ar an nGaeḋilg fós ó ṁór ċuid na ndaoineaḋ mór agus foġlamṫa atá d'a foġluim; óir tá sí ag dreoġaḋ agus ag eulóġaḋ níos luaiṫe anois ameasg na ndaoineaḋ dar teanga í ó aimsir imċéin, iona in aon aois ó labaraḋ ar dtús í. Cuirid caṫaoire Gaeḋilge ar bun ar feaḋ na Gearmáine agus tírṫeaḋ eile, agus ní measṫar aon ḟear do ḃeiṫ fíor ḟoġlamṫa 'nois muna ḃfuil eolas ar Ghaeḋilg aige; aċt a n-aiṁḋeoin na neiṫeaḋ so, tá an Ghaeḋilg ag dul uainn níos luaiṫe 'nois iona do ċuaiḋ sí uainn a riaṁ. B'féidir go ḃfuil sí ag fás ins na caṫraċaiḃ móra agus a measg na ḃfoġlumṫa; aċt tá sí ag crionaḋ agus ag dreoġaḋ ar na máċairiḃ 's ar na sléiḃtiḃ ameasg na ndaoineaḋ isa* a sinsear ḃí d'a

* "Isa"; sean ḟocal é so ba ċeart do ṫabairt ar ais ċum usáide coitċinne; ionann a ċiall leis an ḃfocal Fraincis *dont*. Deirṫear "dá" 'n a áit anois.

laḃairt ar feaḋ milteaḋ bliaḋan. Cionnos is féidir linn an rud iongantaċ so do ṁíniuġaḋ? Ní feicim féin aon áḋḃar f'a naċ ḃfuil na daoine ċoṁnuiġeas ar na sléiḃtiḃ 's ar na máċairiḃ ag cur níos mó suime ins a nGaeḋilg, aċt aṁáin nár ṁotuiġ siad agus nár airiġ siad an aiṫ-ḃreiṫ so d'a dteanga fós. Is mall ġluaiseas inntinne daoineaḋ. 'Nuair leanaid sliġe éigin ar feaḋ mórán bliaḋan, is cuma ma's sliġe ċeart no miċeart í, is cruaiḋ an níḋ é ṫaḃairt orra d'a fágail agus sliġe eile do leanaṁuin. Caiṫfiḋ sinn ḃeiṫ foiġdeaċ. 'Nuair ċítear leis na daoiniḃ ċoṁnuiġeas ar na sléiḃtiḃ agus ar na máċairiḃ, go ḃfuil daoine móra foġlumṫa atá fá ṁeas agus fá ċlú, ag foġluim na Gaeḋilge agus d'a múnaḋ d'a gcloinn, agus 'nuair ċífid leaḃair agus irisleaḃair innte, beiḋid níos cúramaiġe d'a taoiḃ; agus mar do ṫarla a mḂreatain, a nGearmáin agus a Ruisia do ṫeangṫaiḃ na dtíorṫeaḋ so, saorfar teanga eile ó ḃás. 'Sé an baoġal is mó atá roiṁ an Gaeḋilg, go n-eugfaiḋ sí sul ṫiocfas laeṫe seunṁara a fíor-aiṫḃeoḋṫa.

Bhí mórán deunta ar son ár dteanga tíoraṁla ar feaḋ na cúig a's fiċead bliaḋan ċuaiḋ ṫart. Do cuireḋ ar bun mórán comann ċum í do ċúṁdaċ, agus ċum leaṫnaiġṫe eolais di. Bhí mórán leaḃar foill-

siġṫe innte agus mórán sean sgríḃinn Gaeḋilge aistriġṫe ó Ghaeḋilg go Beurla. 'Siad an dá leaḃar Gaeḋilge is mó agus is táḃaċtaiġe do cloḃuaileaḋ ar feaḋ mórán bliaḋan, "Tri Bior Ghaoiṫe an Bháis" agus "Silva Gadelica." Ní ḟeudann aon neaċ aon loċt d'ḟáġail ar an gceud leaḃar díoḃ so, aċt amáin do ráḋ go bfuil mórán earráid cló ann. Ba ṁaiṫ liom go bfeudfainn an céadna do ráḋ a dtaoiḃ "Silva Gadelica." Tá a ċuid Beurla maiṫ go leor; aċt is soilléir nar ċuir a ḟear eagair mórán suime sa nGaeḋilg, óir tá sí do-ṫuigsin aċt do ṁacaiḃ maiṫe léiġinn. Tá iomad alt ann, ar sean litreaċt na h Eireann, ṫráċtas ar ḃeartaiḃ ba ṁó 's ba ṫáḃaċt-uiġe a stáir na tíre, agus is truaġe mór i naċ bfuil an Ghaeḋilg ann a gcuirṫear síos iad, níos soilléire agus níos usa re tuigsin dóiḃ so naċ raiḃ faill ná am aca na sean leaḃair Gaeḋilge do sgrúdaḋ ná do léiġeaḋ.

An aiṁḋeoin an méid do rinneaḋ ar son na Gaeḋilge ar feaḋ na gcúig a's fiċead bliaḋan ċuaiḋ ṫart, ní ċluinimíd go bfuil na daoine óga ar fud na tíre, sna h-áitiḃ in a bfuil an t-sean ṫeanga d'a labairt fós, ag cur níos mó suime innte; aċt go contrárḋa cluinimid go bfuilid ag eirġe as a labairt ó ló go

ló, a moḋ go ḃfásaid suas 'na ḃfearaiḃ agus 'na mnáiḃ gan focal de ṫeanga a dtuismiġṫeoraċ do ṫuigsin. Má leanaid na daoine óga atá 'na gcoṁnuiḋe a nGaeḋealtaċt na h-Éireann ('sé sin na h-áite in a labarṫar an Ghaeḋilg fós) an t-sliġe ar a ḃfuilid anois, ní ḃeiḋ focal Gaeḋilge fíor beo in Éirinn a gceann caogad bliaḋan. Cionnos is féidir linn ṫabairt ar na daoiniḃ óga ar feaḋ na tíre níos mó suime do ċur sa nGaeḋilg? So ceist ċruaiḋ, agus ní furas freagraḋ do ṫabairt di. Chítear é gur ċaill mórán Éireannaċ an niḋ táḃaċadaċ sin d'á ngoirṫear "uaḃar ciniḋ" leis na Sacsanaċaiḃ. Dá mbeiḋeaḋ an t-uaḃar ciniḋ sin is cóir do gaċ cine do ḃeiṫ aca, ní ḋeunfadaois dearmad ar an niḋ aṁáin ṫaisbeunas gur cine iad; oir má ċaillid a dteanga ṫíoraṁuil, ní ḃeiḋ aon ċeart aca aon eidirḋealuġaḋ do ḋeunaṁ eatorra féin agus daoiniḃ na Sacsan. Is mór an truaġe í naċ ḃfuil fear óg éigin againn cumasaċ ar oráideaċaiḃ breáġa do ḋeunaṁ a nGaeḋilg, ionnus gur ḟeud sé dul ameasg na muintear labras í fós, d'a mbrosduġaḋ a dteanga ḋílis do ċoimeud; aċt, faraoir, is tearc iad, labairṫeoiriḋe maiṫe na Gaeḋilge. Tá aon rud cinnte, eaḋon, gur le labairt agus leis sin aṁáin is féidir aon ṁaiṫeas do ḋeunaṁ

a dtaoiḃ na Gaeḋilge ameasg na ndaoineaḋ laḃras í. Is an beagán díoḃ a d'ḟéadas í léiġeaḋ; is tré n-a gcluais aċt ní le n-a súil ḃrosdóċtar iad mear do ċur ar a dteanga, agus d'a coimeud ó ḃás. Is mór an t-iongnaḋ é naċ ḃfuil níos mó deaġ laḃairṫeoraċ Gaeḋilge re fáġail in Eirinn Tá mórán daoineaḋ léiġeas agus sgríoḃas í go h-an ṁaiṫ; aċt is pionúsaċ d'a gclos 'nuair deunaid iarraiḋ oráid do ḋeunaṁ innte. 'Sé áḋḃar de so, diṫ cleaċdaiḋ ar laḃairt na teanga. Cleaċdaid sgríoḃaḋ agus léiġeaḋ; ní ċleaċdaid laḃairt, agus ar an áḋḃar sin ní laḃraid go maiṫ.

AN CÚIGEAḊ ALT.

Ní ḟeudann aon teanga marṫainn anois gan leaḃair. Bhí am ann 'nuair a d'ḟeud teanga marṫainn gan leaḃair, gan litreaċt; aċt tá mórán diṫfre eidir an diú agus an allód, agus tá 'n t-am imiġṫe go deo, in ar ḟeud teanga marṫainn gan litreaċt. Ní raiḃ mórán daoineaḋ a d'ḟeud léiġeaḋ no sgrioḃaḋ sa t-sean aimsir, go h-áiriġṫe sul cloḃuaileaḋ leaḃair, 'nuair ba riaċtanaċ iad do sgrioḃaḋ le peann. Ní raiḃ aon leaḃar san doṁan a n-allód a n-aġaiḋ na mílteaḋ leaḃar atá ann anois. Ba h-éigean, ar an áḋḃar sin, do ṫeangṫaiḃ marṫainn gan litreaċt sa t-sean aimsir mar ġeall ar teirce leaḃar; aċt anois, nuair tig leis na h-uile ḋaoiniḃ léiġeaḋ agus sgrioḃaḋ, ní

féidir le h-aon teanga marṫainn gan litreaċt innte.

'Siad leaḃair agus seanmóiriḋe do ċongḃaiġ teanga na Breataine beo; agus má ṁairfiḋ an Ghaeḋilig, is le leaḃraiḃ, seanmóiriḃ agus litreaċt coimeudfar beo í. Ní'l mórán eolais ag na h-Eireannuiġiḃ ar an meud litreaċta Breaṫnuise atá a mBreatain; agus cuirṫear síos annso cunntas dí, tógṫar as Ensiclo-pédia Chambers de'n bliaḋain míle, oċt gcéad, noċad a dó. Do réir an ḟoillsiġṫe sin atá a mBreatain fiċe páipeur nuaiġeaċt seaċtṁaineaċ; eidir cúig deug agus fiċe irisleaḃair míosaṁala; dá ċeann eile foillsiġṫear dá uair sa mí; agus ceann aṁáin ṫigeas amaċ ceiṫre uaire sa mbliaḋain. Tá na páipeura so agus na h-irisleaḃair so go léir a mBreaṫ-nuis. Ní leigṫear aon focal aṁáin de Bhearla ionnta, má feudtar a seaċnaḋ. Taoiḃ amuiġ an méid sin litreaċt' aimsire, atá leaḃair de'n uile ċineul a dteanga na Breataine. Deirṫear é le daoiniḃ ag a ḃfuil eolas cinnte ar Bhreatain go gcaiṫear beagnaċ dá ċéad míle punt sa mbliaḋain ar leaḃraiḃ Breaṫnise a mBreatain! Ní mór an t-iongnaḋ é go ḃfuil teanga na tíre sin faoi ṁeas agus faoi bláṫ.

Taoḃ amuiġ de litreaċt agus de leaḃaraiḃ, 'siad

seanmóiriḋe na neiṫe is feárr ċum teanga do ċoimeud beo. Dá dtaḃairfiḋe seanmóiriḋe a nGaeḋilg gaċ Dóṁnaċ ar fud Eireann mar taḃarṫar ar fud Breatainne a mBreaṫnuis, ní fad sul ċuirfiḋe beaṫa nuaḋ sa nGaeḋilg. 'Siad seanmóiriḋe, níos mó 'na litreaċt féin ċoimeudas beo na h-il-ṫeangṫa atá d'a laḃairt in Austria. 'Sí Gearmáinis ceann-ṫeanga agus riaġail-ṫeanga na tíre. Ní ġéirleanann Austria na mín ṫeangṫa atá fuiṫe; tá sí ro ġlic amadánaċd mar sin do ḋeunaṁ, óir tá fios aice is móide d'ḟásfadois dá ngéirleunfaiḋe iad, tar ċeann gur mian lei a marḃaḋ, agus Gearmáinis do ḋeunaṁ d'a laḃairt ar fud na tíre go léir. Chonnarcas in America fear do ḃí 'na oifgeaċ san armailte Austria, agus d'iarras air creud fá nar ḟeud Austria na h-il-ṫeangṫa míne so do ḋíbirt, agus do ṫaḃairt ar na h-il-ċineaḋaċaiḃ fuiṫe, Gearmáinis do laḃairt. Duḃairt sé nar ḟeud Austria iad do ḋíbirt ċóṁ fad a's beiḋ na sagairt d'a laḃairt ó'n altóir. D'iarras air naċ fior é go ḃfuil na mín-ṫeangṫa so ag dreoġaḋ, agus naċ fior é go ḃfuil an Ghearmáinis ag leaṫnuġaḋ agus ag marḃaḋ, beagán ar ḃeagán, na dteangṫaḋ eile. Duḃairt sé nar fior; aċt go contrárḋa go raiḃ an Ghearmáinis ag dreoġaḋ a gcuid de na

tírṫiḃ ar a nḋeuntar impireaċt na h-Austria, go h-áiriġṫe a n-Ungarai agus a mBohemia. Tá cinn éigin de na tírṫiḃ so faoi ċúṁaċd Austria ar feaḋ ceiṫre céad bliaḋan; agus is éigean do gaċ fear san armailte Austria na focail órduiġṫe Gearmáinise do ṫuigsin; ní féidir le h-aon duine, suiġiuġaḋ ná oifig d'ḟáġail faoi riaġail na tíre muna dtuigeann sé Gearmáinis; giḋeaḋ, tá níos mó Polise, Bohéimise agus Ungaraise d'a laḃairt in Austria anois iona do bí in aon aimsir ó ṫús an domain!

Ní'l aon teanga de na teangṫaiḃ naċ bḟeudann Austria do ṁarḃaḋ, ná do ḋíbirt, níos mó 'na beagán aois d'a sgrioḃaḋ; ní aċt fáis aoin oiḋċe iad a g-comórtus leis an Gaeḋilig. Ní'l aon t-sean litreaċt ionnta. Bhí an Ġaeḋilig faoi bláṫ, le miltiḃ leaḃar innte sul rugaḋ aon teanga de na teangṫaiḃ naċ feudann Austria do ṁarḃaḋ ná do ḋíbirt, agus díbreóċaḋ agus ṁarḃóċaḋ sí iad le casa súla dá dtiocfaḋ lei é sin do ḋeunaṁ; aċt leanaid d'a laḃairt na daoine dar teangṫa iad. Ní féidir le mallaċt, bagairt ná brúḃ ṫaḃairt orra d'a dtréigean; aċt gan mallaċt, bagairt ná brúḃ, tréigid na h-Eireannuiġ a dteanga uasal áirsaiġ binn ṁín féin; agus deirid an ċuid is mó ḋíoḃ gur tíorġráḋuiġṫeoiriḋe iad! Is eine neaṁċoitċeann sinn go deiṁin!

Ní ḃfuil aon teanga do laḃaraḋ ar ṁór-ṫír na h-Eoraipe a n-allód naċ laḃarṫar ann anois. Má d'eug aon teanga ṫíoraṁuil a n-Euróip ar feaḋ na cúig céad bliaḋan ċuaid ṫart, ní'l aon eolas agam uirri, agus ní ċualas trácṫ uirri a riaṁ. Mairiḋ teanga na Breataine Bege a bFrainc, giḋ naċ bfuil mórán gráiḋ ag na Francaiḃ uirri, agus ba ṁaiṫ leo í do ḃeiṫ marḃ. Tá teanga na mBasg, muintear ḃeg ċoṁnuiġeas a bFrainc agus a Sbáin, beo agus faoi bláṫ a n-aiṁḋeoin gaċ iarrata deuntar le Frainc agus le Sbáin ċum na teanga sin do ḋíbirt. Tá teangṫa d'a laḃairt in Austria naċ laḃarṫar le níos mó 'na beagán céad míle daoineaḋ, agus máirid a n-aiṁḋeoin iarrata Austria d'a marḃaḋ. Naċ truaġ an cás é gurab in Éirinn, agus innte aṁáin, atá teanga ṫíoraṁuil ag fáġail báis? Is fíor go bfuil an Ghaeḋilig ag dreoġaḋ, agus dar liom ag fáġail báis a n-Albain ċóṁ luaṫ, agus b'ḟéidir níos luaiṫe 'na a n-Eirinn; aċt is deacair re raḋ má do ḃí sí riaṁ 'na teanga ṫíoraṁuil Alban mar ba ṫeanga ṫíoraṁuil Eireann í. Is fíor go raiḃ an Ghaeḋilig, no canaṁuin éigin do ḃean ria, d'a laḃairt ar fud Alban go léir a n-allód; ta sin dearḃṫa le anmnaiḃ áiteaḋ loċtair Alban, a n-áitaiḃ in nar laḃaraḋ focal Gaeḋ-

ilge ar feaḋ níos mó na mile bliaḋan. Bhí cine Láidir Sacsanaċ a ndeasceart na h-Alban ó aimsir imċéin, ó 'n gcúigeaḋ no ó'n seiseaḋ aois, gan aṁrus; agus meastear é, a's tá sé inṁeasta, gur dibreaḋ iad so do laḃair Gaeḋilig as soir-ḋeas na h-Alban ins an seiseaḋ aois, nó trí céad bliaḋain deug ó ṡoin. Is follus, ar an áḋḃar sin, naċ teanga ṫíoraṁuil an Ghaeḋilig in Albain mar is teanga ṫíoraṁuil in Eirinn í. Ba h-aiṫis d'Albain an Ghaeḋilig d'eug innte; aċt ba h-aiṫis ceud uair níos measa d'Eirinn dá n-eugfaḋ a teanga féin sa ḃfód in ar ḟás sí ar dtús. agus in nar laḃaraḋ teanga eile ó ṫús an doṁain go h-aimsir a claoite.

'Sé tíorġráḋ ṡaoras teangṫa ó ḃás, agus ḃeireas orra do ḃeiṫ cleaċtṫa agus saoṫruiġṫe. Is fíor é go ḃfásaid teangṫa beagnaċ aṁuil fásaid baill an ċuirp; aċt muna ḃfuil gráḋ orra ag na daoiniḃ darab teangṫa iad, ní ṫiocfaiḋ siad beiṫ faoi ṁeas. Impoiġmís ar súile ar Ghearmáin, agus cad do ċiḋmid? Aon de na teangṫaiḃ is mó dá ḃfuil san doṁan ar n-a saoraḋ beagnaċ ó ḃás taoiḃ astiġ dá nó trí céad bliaḋan. Dá ċéad bliaḋain ó ṡoin, ba ṫruaġ an staid ann a raiḃ an Ghearmáinis; agus dá ċéad bliaḋain roiṁe sin, ḃí sí a staid níos measa fós. Níor laḃaraḋ í go

coitċeann leis na daoiniḃ móra; 'siad Laidionn agus Fraincis do laḃaradaois níos mó 'na a dteanga féin. Ní raiḃ aċt beagán leaḃar innte. Bhí sí roinnte a mórán de ċanaṁnuiḃ. Níor ṫuigeadar a ċéile daoine tuaiscirt agus deiscirt na tíre; aċt faoi ḋeire ċonnairc daoine críona guraḃ éigean aon teanga 'ṁáin do ḃeiṫ san tír, agus guraḃ éigean na leaḃair do ḃeiṫ sgrioḃṫa innte, agus innte aṁáin. Do leann na daoine aineolaċa a gcanaṁuin féin do laḃairt ar ais na teineaḋ, aċt níor cleaċdaḋ aċt teanga na leaḃar a n-áitiḃ puḃliḋe, agus níor cloḃuaileaḋ aċt aon teanga 'ṁáin ins na leaḃraiḃ, no ins na páipeuraiḃ; agus anois, a n-aiṁḋeoin an ṁéid de ċanaṁanaiḃ atá sa nGearmáinis, ní'l aċt aon teanga san tír—an teanga in a sgrioḃṫar a litreaċt go léir.

'Nuair innistear sgeul na Gearmáinise innistear sgeul na Ruisise mar an gceudna. Céad bliaḋain ó soin ní raiḃ an Ruisis faoi ṁeas a Ruisia féin, ná a dtír ar biṫ eile. Ní raiḃ sí d'a laḃairt leis na h-uaisliḃ Ruiseaċa, aċt 'nuair ba h-éigean dóiḃ í laḃairt ris na daoiniḃ do ḃí fuṫa, nar ṫuig Francais, ná aor teanga eile aċt a gcanaṁuin féin. Ní raiḃ aċt an beagán leaḃar san Ruisis céad bliaḋain ó soin. Ní ċuala an doṁan ainm aoin úġdair Ruisiġ, óir ní

raiḃ aon úġdar Ruiseaċ ann. Aċt tá úġdair a Ruisia anois, sgrioḃas a Ruisis ; agus tá an meud sin measta ar na leaḃraiḃ sgrioḃaid go n-aistriġṫear iad go Fraincis, agus go beagnaċ gaċ teanga eile.

An Seiseaḋ Alt.

Sé an níḋ is iongantuiġe a dtaoiḃ na Gaeḋilge an míṁeas agus an déistin atá ag an ċuid is mó de na daoiniḃ uirri sna h-áitiḃ féin in a maireann sí fós, agus in a labarṫar, no in a dtuigṫear í go coitċeann. Ní féidir le h-aon duine dul in aon áit in iarṫar na tíre gan an níḋ so do ṫabairt fa deara. Chíḋfiḋ sé, mar an gceudna, gurab iad na daoine is aineolaiġe 'gus is tuataċaiġe ag a ḃfuil an míṁeas is troime ar ṫeanga a sinnsear agus a n-dúṫaiġe. Is minic do beanaḋ gáire asam a gcúig Chonnaċt, agus a gcúig-Mhuṁain leis, ar ċlos na ndaoineaḋ óg ag deunaṁ leitsgeul gan Gaeḋilig do labairt 'nuair ba h-éigean dóiḃ í do labairt le sean daoiniḃ, agus ar feicsin na n-iarraḋ do ġnídís re Beurla labairt 'n a h-áit, agus iad ag tuigsin Gaeḋilge maiṫ go leor. Bhí mé a n-áit éigin a gCondae Mhuiġeo um fiċid bliaḋain ó ṡoin. Chonnairc mé buaċaill óg boċt,

agus é a ngiobailiḃ. Ḃí madaḋ dear aige, agus ṫosuiġ mé laḃairt leis a nGaeḋilig a dtaoiḃ an ṁadaiḋ “An leatsa an madaḋ sin?” “a ndíolfá é?” “Ḃfuil gráḋ mór agad air?” Do ṫuig sé go h-an ṁaiṫ gaċ aon ḟocal a dubairt mé, aċt níor ḟeud mé aon ḟocal aṁáin Gaeḋilge do ḃuain as. Ḃí sé a ngiobailiḃ agus ag iarraiḋ na déirce, aċt ḃí sé a ḃfad ro uaḃraċ le Gaeḋilig do laḃairt! Muna mbeiṫ go ḃfuilim faoi ġeis gan aon ḟocal aṁáin de Ḃeurla do ċur ins an leaḃrán so, ḃainfeaḋ gáire as an léiġṫeoir le sgríoḃaḋ an droċ Ḃeurla in a dtug sé freagraḋ ḋam.

Tá an miṁeas so ar an Gaeḋilig le fáġail in gaċ áit in Eirinn agus in gaċ tír in a ḃfuil Eireannuiġ. Ní deirim go ḃfuil miṁeas ar a dteanga ṫíoraṁuil le fáġail sna h-uile cineulaiḃ de ṁuintir na h-Eireann, óir tá mór ċuid díoḃ ag deunaṁ a n-diṫċill ċum na Gaeḋilge do leaṫnuġaḋ agus do ḟaoraḋ ó ḃás; aċt faraoir! tá mór ċuid eile naċ cuireann aon t-suim innte, agus do ḃiaḋ níos luaṫġáiriġe na brónaċ dá n-eugfaḋ sí amáraċ. Ḃíoḋ súil againn go mbeiḋ an cineul sin d'Eireannuiġiḃ ag eirġe níos teirce gaċ aon lá

Ḃí eolas agam ar mórán daoineaḋ in America nar

laḃair aċt an beagán Beurla sa mbaile in Eirinn, aċt níor ḃ'féidir le h-aon duine aon ḟocal Gaeḋilge do ḃuain arsa in America. 'Nuair ḃí mé in America an ċéad uair, níos mó 'na dáḟiċid bliaḋain ó ṡoin, ní raiḃ baile ann, beg no mór, in a raḃas, agus in a raiḃ Eireannuiġ, in nar cluinti Gaeḋilig go coitċeann; aċt anois, a n-aiṁḋeoin na n-uile scol Gaeḋilge do cuireaḋ ar bun ann, taob a stiġ fiċead bliaḋan, is anaṁ cluintear daoine ag laḃairt Gaeḋilge, aċt aṁáin ins na bailtiḃ bege ar fud Sacsan Nuaḋ in a ḃfuil mórán Eireannaċ. Aċt is inṁeasta go mbeiḋ na h-Eireannuiġ, ní aṁáin in America aċt ar fud an doṁain go léir, níos cúramaiġe a dtaoiḃ a dteanga ó so amaċ. Thugas faoi deara beagán ama sul ḟágas America, go raiḃ mórán Eireannaċ nar ċuir aon t-suim sa nGaeḋilig ó ḟágadar Eire, ag tosuġaḋ d'a laḃairt a rís; agus deirṫear go ḃfuil na h-Eireannuiġ in Austrialia féin d'a taḃairt faoi deara, agus go gcuireaḋ mórán scol Gaeḋilge ar bun ann sin go déiġeanaċ.

Ná meastar é le h-aon duine naċ raiḃ cinn éigin de na teangṫaiḃ is mó agus is leaṫnuiġṫe dá ḃfuil san doṁan anois, faoi ḋiṁeas agus déistin a n-allód. Ḃí an Beurla féin faoi ḋiṁeas a Sacsain ar feaḋ

níos mó 'na trí céad bliaḋan. Ba h-iad na boċta agus isle, 'gur iad sin aṁáin, do labair Beurla. 'Sí Fraincis do labaraḋ leis na daoiniḃ móra, óir ba h-iad na Francaiġ rug buaiḋ ar na Sacsanaiḃ san aonṁaḋ aois deug, agus beiḋ teanga na mbuaiḋṫeoraċ faoi ṁeas a gcoṁnuiḋe. Bhí an Beurla faoi ḋiṁeas a Sacsain ar feaḋ fad-aimsire; agus a deirṫí go minic a dtaoiḃ fir boiċt Sacsanaiġ, "Do ḃeiḋeaḋ Seaán 'na ḋuine uasal dá mbeiṫ Fraincis aige." Is iontuigṫe de so naċ cóir do na h-Eireannuiġiḃ do ḃeiṫ eudóċasaċ um a dteanga, dá ṫruaiġe a stáid anois. Bhí an Beurla faoi ḋiṁeas no gur eiriġ suas filiḋ agus feallsaṁain do sgríoḃ leaḃair móra ann; agus ó ḃeiṫ 'n a ṫeanga gan meas, 'sé an teanga is mó dá ḃfuil san doṁan anois, mar ġeall ar an litreaċt ṁóir atá ann, agus mar ġeall ar meud na dtírṫeaḋ in a labarṫar é, agus in ar ġaḃ sé freuṁ. Is éigean aḋṁáil gurab é an claiḋeaṁ, no cúṁaċt politicaċ, níos mó, b'ḟéidir, 'na litreaċt, do leaṫnuiġ an Beurla; agus ba h-é an claiḋeaṁ, no cúṁaċt politicaċ, do leaṫnuiġ an Laidionn a n-allód; agus is fíor é, le cúṁaċt politicaċ go n-aiṫbeoċaiḋe an Ghaeḋilig níos úra agus níos luaiṫe. Giḋeaḋ, is féidir é ḋeunaṁ gan cúṁaċt politicaċ ar biṫ, agus in a h-aiṁḋeoin

féin, mar do rinneaḋ a mBreatain leis an mBreaṫnuis. 'Nuair do ṁoġṫuiġ na h-Eireannuiġ gur riaċtanaċ dóib a dteanga ṫíoraṁuil do ṡaoraḋ ó ḃás, agus 'nuair do cuireaḋ ar bun an "Comann re cúṁdaċ na Gaeḋilge," agus ní'l sé aċt beagán níos mó na fiċe bliaḋain ó ṡoin, dúḃraḋ le mórán naċ raiḃ aon ḟreuṁ ná bunáit san corruġaḋ a dtaoib aiṫbeoġṫa na Gaeḋilge do ṫosuiġ um an am luaiḋtear ṡuas; agus naċ cuirfiḋe aon t-suim ann, a gceann beagán de ḃliaḋantaib. Ní raiḃ san mbliaḋain 1875, aċt dá ċomann san doṁan tabarṫa d'aiṫbeoġaḋ na Gaeḋilge, eaḋon, an ceann luaiḋtear ċeana do cuireaḋ suas in Aṫ-cliaṫ, agus ceann eile a gcaṫair Nuaḋ Eaḃroc in America. Ba glic an fear é inneosaḋ an meud comann re cúṁdaċ, re teagasg agus re cleaċtaḋ na Gaeḋilige atá in Eirinn, a mBreatain ṁóir agus in America anois. Cúig 'ar ficid bliaḋana ó ṡoin ní raiḃ duine a bFrainc ná a nGearmáin, dá ḟoġlumṫa, ag a raiḃ aon eolas ar an Gaeḋilig, taoḃ amuiġ de Zeus, úġdar an leaḃair ṁóir sin, Grammatica Celtica, agus b'ḟéidir aon no dó eile mar Bop no Ebel, d'ḟoġluim beagán ó ġraimeur Gaeḋilge de Zeus; aċt anois tá sgoláiriḋe Gaeḋilge beagnaċ ċóṁ líonṁar a nGearmáin a's atáid in Eirinn. Agus in Eirinn féin, ba beg an meud daoineaḋ do ḃí

innte cúig a's fiċid bliaḋna ó ṡoin ag a raiḃ fíor eolas ar an Gaeḋilg; aċt anois tá sluaġ ḋíoḃ re fáġail ar fud na tíre go léir. Tá an "teanga ṫíoraṁuil" d'a teagasg a níos mó 'ná caogad de sgoltaiḃ tíoraṁala. Tá na maiġistriḋe sgol díolta d'a teagasg; aċt muna ḃfuil dúil agus mian a foġlumṫa a gcroiḋṫiḃ na n-Eireannaċ, ní ṫiocfaiḋ sí ċum cinn go deo, cuir a gcás go raiḃ sí d'a teagasg in gaċ sgoil agus coláiste ó ḃárr go bun na tíre.

Ma's mian linn an Ghaeḋilg do ṡaoraḋ, caiṫfimid leaḃair do ṫaḃairt do na daoiniḃ ag a ḃfuil dúil í ḟoġluim. Caiṫfimid leaḃair nuaḋa do sgrioḃaḋ, no na sean leaḃair do ċur a nGaeḋilg na h-aimsire so. Ní féidir leis an Gaeḋilg marṫainn gan leaḃair. 'Sé an niḋ deirid na daoine ag naċ ḃfuil grá uirri, Creud fá foiġleómaois Gaeḋilg? Ní ḃfuil niḋ innte le léiġeaḋ aċt an Biobla agus beagán leaḃar urnuiġe, muna léiġimíd an Leaḃar Laiġean, an Leaḃar Breac, no sean leaḃar éigin eile láṁ-sgrioḃṫa atá ro ċruaiḋ ní aṁáin dúinne, aċt do na sgoláiriḃ Gaeḋilge is feárr san tír. 'Sé so an niḋ buaileas an Ghaeḋilġ, eaḋon, diṫ leaḃar. Muna ḃfuil na sgoláiriḋe Gaeḋilge toileaṁuil leaḃair Gaeḋilge do sgrioḃaḋ, ní ḟeicim féin aon ṁoḋ in a dtiocfaiḋ linn leaḃair do ṁeudúġaḋ

aċt na sean leaḃair láiṁsgríoḃṫa d'ḟoillsiuġaḋ a nGaeḋilg nuaiḋ. Deuntar so agus beiḋ go leor re léiġeaḋ sa nGaeḋilg. Naċ ḃfuil a leiṫeid deunta le sean litrieaċt na dteangṫaḋ eile? Naċ deuntar é a mBeurla? Ní ḟeicimid filiḋeaċt Sécspír mar sgríoḃaḋ leis í. Tá an meud sin diṫfire eidir Beurla Sécspír agus Beurla Tenison a's atá eidir Gaeḋilg Leaḃair na h-Uiḋre agus an teanga sgríoḃaim féin anois. Aċt do ḃeiḋeaḋ sé níos deacra agus níos daora na sean leaḃair láṁ-sgríoḃṫa do ċur sa nGaeḋilg láṫairiġ iona leaḃair lán nuaḋ do sgríoḃaḋ. Is éigean a ráḋ naċ ḃfuil mórán dúile ag úġdar ar biṫ leaḃair Gaeḋilge do sgríoḃaḋ 'nuair naċ mbiḋeann dóċas aige airgead do ḋeunaṁ asta. Ní ḃeiḋ go leor leaḃar Gaeḋilge againn no go ndéinid daoine airgead le n-a sgríoḃaḋ. Dá mbeiḋeaḋ iarraiḋ ar leaḃraiḃ sa nGaeḋilg, is geárr go mbeiḋeaḋ go leor ḋíoḃ againn.

AN SEAĊTṀAḊ ALT.

Tá do ḃí, ó ṫúr an doṁain, aon teanga do ḃí mio-aḋṁar níos mó 'na aon teanga eile, ba h-í an Ghaeḋilig. Is fad, an fad ó ṡoin, ṫáinic an ċéad mioḋaḋ uirri, eaḋon, san naoṁaḋ aois, 'nuair ṫáinic na Loċlannaiġ ċum Eireann d'a milleaḋ agus d'a sgrios. Is inṁearta go raiḃ níos mó leaḃar a nGaeḋilig ins an am sin in Eirinn iona do ḃí in aon teanga eile na h-Eorpa taoiḃ amuiġ na Gréigise 'gus na Laidne; agus is inṁearta mar an gceudna go raiḃ an ċuid is mó aca sgriosta leis na Loċlannaċaiḃ; óir ní raiḃ mainistir in Eirinn uile nar goideaḋ 'gus nar sgriosaḋ leo seaċd nuair ar feaḋ dá ċéad bliaḋan; agus is ins na mainistriḃ do ḃí an ċuid is mó de na

leaḃraiḃ. Má ṫáinic na Loċlannaiġ ċum Eireann d'a h-áitiuġaḋ mar ṫáinic na Sacsanaiġ ċum Breataine, ní ḋeunfaidís an meud dioġḃála uirri a's do rinneadar; aċt ní ṫáinic siad d'a h-áitiuġaḋ, ná fós buaiḋ do ḃreiṫ uirri, act a maoin, a h-ór, a h-airgead agus a greasa do ġabáil. Níor ḃféidir leo na mainistreaċa do sgrios agus do loscaḋ gan na leaḃair do ḃí ionnta do sgrios agus do loscaḋ mar an gceudna. Is iongantaċ agus is aiḃseaċ an meud dioġḃála do rinneaḋ ar Eirinn leis na Loċlannuiġiḃ, agus an meud leaḃar do loscaḋ agus do baṫaḋ leo; óir is de leaṫar do rinneaḋ leaḃair a n-allód 'nuair naċ raiḃ eolas ag daoiniḃ ar ṗáipeur. Is deacair é leaṫar do loscaḋ; ar an áḋḃar sin is eaḋ do ġníḋdís na Loċlannaiġ, na leaḃair do ṫeilgean a steaċ a n-aḃainn, a loċ, no a bpoll móna, agus is cinnte naċ rugaḋ ar ais aċt an ḃeagán díoḃ.

'Nuair d'ḟágadar na Loċlannaiġ Eire, no an tan do sguireadar a sean nós do sgrios agus do ṁilleaḋ, ṫáinic buaiḋirt mór ar an tír mar ġeall ar ċogaḋ d' éiriġ a measg na ríoġ cúigeaċ, gaċ aon díoḃ ag troid re ḃeiṫ 'na árd rí é féin. Do ṁair an troid sin ar feaḋ níos mó 'na céad bliaḋan, no, a ḃfoclaiḃ na gCeiṫre Maiġistear, go raiḃ Eire 'na "fód criṫiġ."

Is inṁeasta go raiḃ mórán leaḃar loscṫa 'gus caillte ar feaḋ na h-aimsire trioblóidiġe sin. Tháinic na Sacsanaiġ faoi ḋeireaḋ, agus ní raiḃ ciuineas in Eirinn ar feaḋ ceiṫre céad bliaḋan, féadtar a ráḋ go dti gaḃáil Luimniġ sa mbliaḋain 1691 Tár éis cogaḋ an Riġ Sheurlais agus an Riġ Shemuis do ḃeiṫ críoċnuiġṫe, níor fágaḋ in Eirinn aċt na daoine boċta 'gus aineolaċa, agus níor ḃ'féidir leosan aon niḋ do ḋeunaṁ ċum a dteanga do ṡaoṫruġaḋ, ċum leaḃar do sgrioḃaḋ, no ċum litreaċta do ċur ar bun. Bhí saiḋḃreas agus maiṫeas na tíre a láiṁ daoineaḋ coigcríoċ nar ċuir aon t-suim sa nGaeḋilig. Ní mór an t-iongnaḋ sin, óir ní raiḃ aon eolas aca uirri. Ba h-éigean do na daoiniḃ boċta de'n t-sean ċine d'ḟágaḋ in Eirinn, an Beurla d'ḟoġluim, dá mba mian leo marṫainn. Muna mbeiṫ go raiḃ Annala na gCeiṫre Maiġisdear sgrioḃṫa san aimsir in ar sgrioḃaḋ iad, dá gcuirfeaḋ a gcuma ar gcúl fiċe bliaḋain, ní sgríoḃfuiḋe go deo iad; óir beagán aimsire tar éis a sgrioḃṫa, ṫáinic cogaḋ 'gus trioblóid ar an tír; d'eiriġ Fearġail O Gara a n-aġaiḋ na riaġla Sacsanaiġe, agus tógaḋ a ḟearann uaiḋ. Is é do ḋíol agus do ċoṫuiġ na Ceiṫre Maiġisdriḋe ar feaḋ ceiṫre bliaḋan 'nuair bí siad ag sgrioḃaḋ na n-annal. Chíoḋfear, ar an

áḋḃar sin, muna mbeiḋeaḋ gur sgrioḃaḋ na h-annala ro ins an am in ar sgrioḃaḋ iad, ní sgrioḃḟuiḋe go deo iad.

Ní móran t-iongnaḋ go ḃfuil an Ghaeḋilig ag dreoġaḋ; aċt is iongnaḋ níos mó é go ḃfuil na daoine darab teanga ċíoraṁuil i, ċóṁ mioċuaramaċ d'a taoiḃ. Is beg an meud leaḃar do cloḃuaileaḋ a nGaeḋilig ar feaḋ na h-oċtṁaḋ aoise deug; agus ba ḃeg an meud deaġ sgoláiriḋ Gaeḋilge do ḃí in Eirinn ar feaḋ na h-aoise sin. Féadtar a ráḋ naċ raiḃ aon duine in Eirinn ó aimsir Chéitinn agus na gCeiṫre Maigisdear go dti aimsir Eamuin Ui Raġallaiġ do sgrioḃ an foclóir, ba ċumasaċ ar duille aṁáin Leaḃair Laiġean no Leaḃair na h-Uiḋre d'aistriuġaḋ go ceart. Bhí go leor daoineaḋ ag labairt Gaeḋilge in Eirinn ar feaḋ an ama sin, trí uaire níos mó 'na atá anois; aċt ní raiḃ duine ar ṁíle aca d'ḟeud léiġeaḋ ná sgrioḃaḋ na teanga, agus ba ḃeg an meud leaḃar do ḃí aca re léiġeaḋ. Giḋ go raiḃ an ċuid is mó de ṁuintir na h-Eireann ag labairt Gaeḋilge ar feaḋ na seaċtṁaḋ agus na h-oċtṁaḋ aois deug, ní raiḃ aċt beagán leaḃar Gaeḋilge cloḃuailte ionnta in Eirinn ná in Albain. Bhí na daoine darab teanga í ċóṁ boċt sin, agus ḃí an meud sin miosuaiṁnis ar an tír

nár ḃféidir leo aon t-suim do ṫabairt do niḋ ar biṫ do ḃean re litreaċt.

Má tá aon ḟear os cionn gaċ aoin ḟir do ṁair in Eirinn riaṁ darab cóir na h-Eireannuiġ do ḃeiṫ buiḋeaċ mar ġeall ar an meud do rinne sé ar son a dteanga, 'sé Seaán O Donnaḃáin. Is é do ċuir an t-aiṫḃeoġaḋ ar an Gaeḋilig ar bun. Rinne sé níos mó ar son na teanga sin iona aon duine do ruġaḋ riaṁ. Is fíor é go ḃfuair sé mórán caḃra ó Eamon O Raġallaiġ luaiḋtear ceana; óir ní raiḃ foclóir maiṫ Gaeḋilge ann sul sgrioḃ seisean a ḟocloir; agus gan é níor ḟeud O Donnaḃáin an meud sin airstriuġaḋ do rinne sé, do ḋeunaṁ. Ba fir móra iad araon, aċt ba h-é O Donnaḃáin an té ba ṁó. Giḋ go raiḃ foclóir Ui Raġaillig foillsiġṫe mórán bliaḋan sul ṫosaiġ O Donnaḃáin a obair ar an Gaeḋilig, ba ḃeg an meas do ḃí ar an leaḃar mór sin Ui Raġallaiġ roiṁ aimsir Ui Dhonnaḃáin. 'Siad na h-airstriġṫe do rinne sé do ṫaisbéan do'n doṁan saiḋḃreas agus oirḋearcas sean litreaċta na h-Eireann. Tár éis móraċda innteaċta Ui Dhonnaḃain, is é meud na h-oibre do rinne sé, an niḋ is iongantaiġe d'a ṫaoiḃ. Is deacair re meas cionnos dob ḟéidir leis buaiḋ do ḃreiṫ ar an meud oibre ċuir sé roiṁe. Ba fear boċt é, le teaġlaċ mór,

agus d'eug sé óg—ní raiḃ mórán níos mó 'na caoga
an tan fuair bás—aċt rinne sé níos mó ar son n
Gaeḋilge 'na aon ḟear do ṁair ó ṫús an doṁain. B
h-é d'osgail an t-sliġe roiṁ gaċ sgoláire Gaeḋilg
do ṫáinic 'na ḋiaiġ.

Tar éis Ui Dhonnaḃáin, is cóir ainm Eoġain U
Coṁaraiḋe do luaḋ. Muna ndearna sé an meud oibr
do rinne O Donnaḃáin, ba fear iongantaċ é, mar a
gceudna. Bhí bár mór ag O Donnaḃáin ar O Coṁaraiḋ
a dtaoiḃ foġlumṫa, óir ba ḃeg an teagasg fuair
Coṁaraiḋe a láiṫiḃ a óige. Níor ṫuig se Laidionn n
Gréigis, agus deirtear naċ raiḃ eolas aige ar ġraimeu
féin. Ní ċreidim so, óir ba h-iongantaċ re mear g
dtiocfaḋ le h-aon duine Beurla do sgrioḃaḋ ma
sgrioḃaḋ le O Coṁaraiḋe é, agus é do ḃeiṫ aineolaċ a
ġraimeur. 'Sí an obair is mó do rinne O Coṁaraiḋ
an leaḃar mór sin do sgrioḃaḋ, eaḋon, "Aḋḃar
láiṁsgrioḃṫa Stáire na h-Eireann." Níor foillsiġea
riaṁ aon leaḃar eile as a dtig linn an méaḋ eolai
d'ḟáġail ar stáid na tíre a n-allóḋ, a's ġeiḃimíd as a
leaḃar sin. 'Sé an leaḃar sin taisbéanas foġlum
Ui Choṁaraiḋe ar teanga 'gus ar stáir na h-Eireann
mar taisbeunas aistriuġaḋ na "gCeiṫre Maiġisdear
foġluim Ui Dhonnaḃáin ar na neiṫiḃ ceudna. Na

mór an truaġ í, agus nać náire ṁór dúinn í, nać bfuil aon iomáiġ cuirṫe suas a n-onóir cuiṁne an dá ḟear mór so? Agus nać truaġ agus náire níos mó í, nać bfuil aon ḟocal na teanga sin ar a raiḃ gráḋ aca, re feicsin ar a leaċt? Cuirid na h-Eireannuiġ mórán iomáiġ suas a gcuiṁne fear narḃ aċt aḃacáin a gcomórtus le O Donnaḃáin agus le O Coṁaraiḋe.

Giḋ mór an saoṫar do rinneaḋ ar an Gaeḋilig le O Donnaḃáin agus le O Coṁaraiḋe, is truaġ an staid in a bfuil sí fós. Tá sé cóṁ fad sin ó ṫáinic mioráċ uirri, agus ḃí sí ċóṁ fad sin a ndearmad nar b'féidir le dá ḟear dá ṁó, í do ḃreiṫ ar ais ċum beaṫa folláine. Tá sí tinn fós, agus beiḋ sí tinn ċóṁ fad a's nać bfuil litreaċt nuaḋ againn innte. D'aistriġ O Donnaḃáin agus O Coṁaraiḋe mórán as Gaeḋilig go beurla; tá an Saoi Stócs ag oibriuġaḋ go maiṫ agus gan stad ag an saoṫar ceudna, agus tá móran daoineaḋ eile d'a ḋeunaṁ; aċt tar ċeann de sin, tá'n teanga ṫíoraṁuil ag eulóġaḋ as beul agus as cuiṁne urṁór muintear na h-Eireann. Dá mbeiḋeaḋ gaċ duine san tír cumasaċ ar an Gaeḋilig is deacra do sgríoḃaḋ riaṁ, d'aistriuġaḋ go beurla no go Gréigis, ní ṫiocfaiḋ an Ghaeḋilig ċum cinn, ní ḃeiḋ aon ṁeas ag an bpubal go coitċeann uirri no go

bḟeicid leaḃair, iris leaḃair, agus páipeura nuaiḋeaċta innte, agus go dtaḃairid fá deara go bḟuil na daoine uaisle d'a cleaċdaḋ. Feuċ an meud sean litreaċta Gaeḋilge d'aistriġeaḋ ar feaḋ na leaṫ-ċéad bliaḋan ċuaiḋ ṫart; aċt leaṫ-ċéad bliaḋain ó ṡoin ḃí cúig daoine ag labairt Gaeḋilge in Eirinn a n-aġaiḋ an aoin atá d'a labairt anois. Ní ḟeicim féin aon ṁaiṫeas ná tairḃe do'n Ghaeḋilig ar aistriuġaḋ leabar do sgrioḃaḋ míle bliaḋain ó ṡoin má tá bás i n-dán do'n teanga in ar sgrioḃaḋ iad. 'Sé an niḋ atá i gceann na n-uile ḋaoineaḋ ag a bḟuil aon ġráḋ ar an Gaeḋilig, í do ċoimeud beo, í do ṡaoraḋ ó ḃás; aċt cionnos saorfar í muna labartar agus muna sgrioḃtar í? Ní ċoimeudfar beo í dá n-aistreóċaiḋe go Beurla agus go h-uile ṫeangṫaiḃ an doṁain, gaċ focal do sgrioḃaḋ innte ó aimsir an Dagda go dti aimsir na gCeiṫre Maiġisdear. Do ḋeunfaiḋe níos mó maiṫeasa do'n Ghaeḋilig dá g-cuirfiḋe suas aon ṗáipeur beg seaċtṁuineaċ innte 'na dá n-aistreóċaiḋe gaċ focal do sgrioḃaḋ sa dteanga ó ṫús an doṁain.

Sin an dearmad mór do rinne O Donnaḃáin agus Ó Coṁaraiḋe. Sin an dearmad ḋeunas scoláiriḋe Gaeḋilge anois; ní sgrioḃaid aċt an beagán de

Ghaeḋilg na h-aimsire so. Tá rainn Gaeḋilge Ui Dhonnaḃáin re fáġail in a litriḃ neaṁ-ḟoillsiġṫe atá san Ard Sgoil Ríġeaṁuil in Áṫ-cliaṫ. Léiġear féin mórán díoḃ, agus tá cuid aca an ṁaiṫ. Cuirṫear síos sompla díoḃ annso, agus is follus uaṫa go raiḃ sé 'na ṁaiġistir ar Ghaeḋilg, agus d'ḟeud í sgrioḃaḋ ċóṁ usa le Beurla. Rinne na línte leannas sa mbliaḋain 1837, 'nuair bí sé ar Riaġail-Thóṁas na h-Éireann. 'Sé ar an radarc áluinn ó ṁullaċ Chnuic Aillñe, a gcondae Ċilledara do ċum sé an dán so. Is ar an gcnoc so atá an dún is mó dá ḃfuil in Éirinn. Is ann a raiḃ suiḋe ríoġ Laiġean a n-allód:—

Dán i molaḋ Chnuic Aillinne,
le Seáan O Donnaḃáin;
nar foillsiġeaḋ roiṁe.

"Tar ċuirreċ na gcarbad dian
Triallam,' (ó soillsiġiḋ an ġrian)
Le déine co Sliaḃ Cuillinn
D'ḟeġan for ṁór-mur Aillinn':
Ráṫ ríġḋa na gclas ndoṁan,
At uarsgabaḋ fri Merdelmon;
Gel grianán aeibinn álainn
'Na raiḃ Friċir ar Aillenn;
Aḋba árd na ríġ 's na triaṫ,
'S ar ċerrat laeiċ i ngliaḋ;

Sen ḃruiġ grianaċ riġ Gailian;
Riġ ḋinn Bresail Bregamain;
Forraḋ na ndeġ laeċ sna ndruaḋ;
Aenaċ n-ainder 's n-óg sluaġ;
Dún fairsing Fergais Fairge;
Or-ḋerc for ḋreċ Sléiḃ Mairge,
For ṁór ṁuiġ Liṗe a's Ailḃe,
For Berḃa, sruṫ na bailḃe,
For Shliaḃ ban liaṫ Suiḋe Laiġeann,
For Alṁain 's for Eo Cualann.
Aoiḃinn aṁarc ó Ail Aill'ne
For ṫulċaiḃ, for ṁaġaiḃ ailne,
'S for ṡléiḃtiḃ co coclaiḃ ceo,—
Mairfiḋ an t-aṁarc am' meaḃair co deo."

Doċífear go ḃfuil Gaeḋilg an ḋáin ṡuas sean goleor. Do sgrioḃaḋ í a gcosaṁlaċḋ na sean Gaeḋilge. Tá "for" in-áit "ar," agus "co" in-áit "go," agus ní cleaċḋtar ann an riaġail nuaḋ litriġṫe, "Caol le caol agus leaṫan le leaṫan," de ḃriġ nar leanaḋ an riaġail sin leis na sean úġdaraiḃ aċt go h-anaṁ. Níl aon eolas agam ar aon ṗíosa fad sgriḃinne Gaeḋilge eile do cumaḋ le h- O Donnaḃáin, aċt beagán rann in naċ ḃfuil aċt sé no seaċt línte atá scaṗṫa amearg a litreaḋ nuair ḃí sé ar an Tómas Mór.

So cuid aca. Táid cumṫa a gcosaṁlaċt filiḋeaċta Ui Dhúgain do sgrioḃ an dán fáda sa gceaṫraṁaḋ

aois deug ag deunaṁ tuarasgabla de ċnoċaiḃ na h-Eireann. Níor foillriġeaḋ na rainn so riaṁ roiṁe

"Triallam, ní le tuar coga,
Soir go Bruiġin Da Choga,*
Cnoc is aoiḃinn ó'n h-iomḋa raḋarc,
'Na gcluinti sioḋ-scal na n-aḋarc.

Cuirtiġeam Maċaire Cuirc,†
Clár uaiṫne is taoḃ triom meiṫ ṫuirc;
Féaċam a fad 's a leiṫid,
A dúnta, a feaḋa 's a droiċid;—

O Aṫ Braon go h-Eiṫne‡ a dtuaṫ,
O Chálraiġe an Loċa Luaṫ,
Go Cairbre, cnoċ na gcam aḃann,
'S ó Shéiṁdiġ siar go Seanann.

. . . . . .

Triallam—gurab triall leasa—
D'ḟeuċan gaċ fiḋ 's gaċ leasa
O Uisneaċ go loċ Seiṁdiḋe,§
'S iḃeam de gaċ séiṁ-diġe;—

---

* Bruiġin Dá Choga, áit sé míle soir ó Aṫ-luan a gCondae na Iar Mhíḋe.

† Maċaire Cuirc, áit sa gcoṁarsanaċt ceudna luaiḋtear suas.

‡ Eiṫne, aḃann beg ḋealuiġeas Condae na Iar Mhiḋe ó Chondae Lungṗort.

§ Séiṁdiġ, loċ beg a bparráirde Baile Móir, Condae na Iar Mhiḋe; ta Loċ Luaċ agus Calraiġe sa gcoṁarsanaċt ceudna.

Anḃroċ, mil, mioḋ, bainne, uisci,
Aċt ná blaiseam braon de'n 'ḃfuisci,'
Ná deoċ cruiṫuiġeas misci,
Ná ṁaoluiġeas faoḃar na tuigsi."

Chíḋfear gur furas loċt d'ḟáġail ar ċuid ṁaiṫ de'n Ghaeḋilg ṡuas; aċt do sgríoḃaḋ na rainn so ins an tír; agus ní cosaṁuil go raiḃ foclóir ná graimeur aige. Ag cur gaċ niḋ le ċéile, feudamaid ráḋ naċ cumṫar go h-olc na rainn so; agus go dtaisbeuntar leo go raiḃ áḋḃar filiḋ breáġ in O Donnaḃáin; aċt ní raiḃ am ag an fear mór boċt sin, aon ḟiliḋeaċt Gaeḋilge do ċleaċtaḋ. Tá na rain̄ ṡuas sgríoḃṫa go beaċt mar sgríoḃaḋ le O Donnaḃáin iad.

Ní feudaim a ráḋ má ċonnarcas aon sgríbinn Gaeḋilge ar a raiḃ eolas cinnte agam gur sgríoḃaḋ le O Coṁaraḋe í. Aċt so píosa Gaeḋilge ṗríoṁaṁla sgríoḃṫar leis an té is priṁ amearg na sgoláiriḋ Gaeḋilge ṁairear anois, eaḋon, an Saoi W. Stócs. Tá na línte leanas re fáġail i leaḃar do sgríoḃ sé 'nuair do ḃí sé in India, darb ainm "Tógáil Troi." Is aistriuġaḋ tráċda ar an Leaḃar Laiġean é :—

"Atá indorair becso iarnaċríċnugad isimla itír na coicabann anoenmad lá fiċit domís Septimber inbliadain dáes Crist mdccclxxxi lasinmac sinem Uilliam stócs árdlega herenn inn a aimsirsom ó

baliu áṫa cliaṫ Duiblinne. 7 is trom moċríde airsmaib mo banchélese rochairfad in labránso. 7 is galraċ mingen baid beccsa. i, medb. 7 itile moċarait mairb aċt ituaiti moċarait bii. 7 is truag hériu tri intleda 7 bréic 7 fingail 7 saraigṫiu dogniat droċdoini etir sacsonċu 7 herennċu.”

Sin an píosa 'ṁáin príṁ Ghaeḋilge, ar a ḃfuil eolas agam, do sgríoḃaḋ riaṁ leis an Saoi Stócs, agus is píosa breáġ é, go deiṁin. Doċítear gurab do réir nóis na Gaeḋilge is sine sgríoḃṫar é. Ag so, beagnaċ, mar do ḃeiḋeaḋ sé i nGaeḋilig láṫairiġ:—

“Atá an obair ḃeg so ar na críoċnuġaḋ i Simla i tír na gCúig Aḃann an t-aonṁaḋ lá fiċid de ṁís Septimber, an ḃliaḋain d' aois Críosd, míle, oċt gcéad, oċtṁoġad a h-aon, leis an mac is sine d' Uilliam Stócs, ceann liaiġ Eireann in a aimsir-san, ó Bhaile Áṫa Cliaṫ Duiḃlinne; agus is trom mo ċriḋe, óir is marḃ mo ḃean-ċéile-se ċairfaḋ (gráiḋeóċaḋ) an leaḃrán so; agus is galraċ m' in-gean ḋil ḃeg-sa, eaḋon, Maeḃ; agus is líonṁar mo ċaraid marḃa, agus is gann mo ċaraid beo; agus is truaġ Eire tres an slada agus bréig agus fionġail agus saruġaḋ doġnid droċ ḋaoine, eidir Sacsanaċaiḃ agus Eireannaċaiḃ.”

Doċífear go ḃfuil Gaeḋilig an t-Saoi Stócs níos sine agus níos deacra 'na Gaeḋilig Ui Dhonnaḃáin, agus go ḃfuil sí sgríoḃṫa níos mó do réir an t-sean

nóis. Bhí nós aca san t-sean aimsir, ní i nGaeḋilg aṁáin aċt insna teangṫaiḃ eile, trí no ceiṫre focail, agus níos mó ar uairiḃ, do sgrioḃaḋ gan aon eidirḋealuġaḋ eatorra; agus má ṫéiḋmíd ar ais níos faide, faġmaoid naċ mbioḋ aon áit 'na eidirḋealuġaḋ ar biṫ eidir na foclaiḃ, agus go mbioḋ leaḃair go léir sgrioḃṫa in aon ḟocal. Is iongantaċ re smuaineaḋ ar an am fada ṫéiḋeas ṫart sul ċítear le daoiniḃ an learuġaḋ is aoinḟilte. Chítear, mar an gceudna, naċ raiḃ uasáid cinn-litreaḋ coitċeann a n-allód, aċt a dtús na n-alt.

An t-Oċtṁaḋ Alt.

'Sé an níḋ ba ṁeasa do ṫeagṁaiġ do 'n Ghaeḋilg ar feaḋ dá aois, an t-aṫarruġaḋ rinneaḋ uirri leis na h-Albanaċaiḃ taoḃ astiġ céid go leiṫ bliaḋan. Níor sgrioḃ siad agus níor léiġ siad focal aċt Gaeḋilg na h-Éireann ar feaḋ níos mó 'na míle bliaḋan go dtí meáḋan na h-aoise déiġeanaiġe. Ba h-ionann le Gaeḋilg na h-Éireann an teanga do cleaċtaḋ 'na measg. Ní raiḃ leaḃar clobuailte na láiṁ-sgrioḃṫa aca narb ionann le Gaeḋilg na h-Éireann. 'Sé an leaḃar Gaeḋilge is sine do sgrioḃaḋ in Albain, "An Leaḃar Dier." Tá an ċuid is mó de'n leaḃar sin sgrioḃṫa i Laidinn; aċt tá beagán duilleóg Gaeḋilge ann do sgrioḃaḋ a n-aimsir an ċéid Dhaiḃi, ríġ Alban san dara aois deug. Ní'l aon diṫfir eidir an Ghaeḋilg atá i Leaḃar Dier agus Gaeḋilg na h-aimsire céadna do sgrioḃaḋ in Éirinn. Adṁuiġid na h-Albanaiġ féin gurab ionann iad.

Ag so sompla Gaeḋilge do sgríoḃaḋ in Albain sa mbliaḋain 1406. Is connraḋ é eidir Mac Dóṁnaill, Tiġearna Inseaḋ Gall, agus fear darb ainm Magaoḋ. Is Gaeḋilig na h-Eireann ar fad í; aċt tá beagán diṫfre eidir a litriuġaḋ agus litriuġaḋ an ama láṫaraiġ; agus do ḃeiḋeaḋ an diṫfir céadna ann, dá sgríoḃfaiḋe in Eirinn í. Do sgríoḃaḋ sna sean litriḃ í:

"Atáimse Mac Dóṁnaill, ag bronnaġ agas ag taḃairt aon ṁairg dég go leiṫ d' ḟearann uaim féin agus ó'm oiġriḃ do Bhrian Bhicaire Mhagaoġ agas d'a oiġriḃ 'na ḋiaiġ, go síorṫuiġ sutan ar son a ḟeirḃise ḋam féin agas dom aṫair róṁam, agus 'sé ar ċunnraġ agas ar ċongill:—Go dtaḃraiḋ sé féin agas iadsan damsa agus dom oiġriḃ am ḋiaiġ go bliaḋan-aṁuil, ceiṫre bá ionṁarḃṫa ċum mo ṫiġe; agas a [g]cás naċ biaḋ na bá soin ar fáġail, ḃearaḋ an Brian huas agas a oiġrioġ ḋamsa agas dom oiġriḃ am ḋiaiġ, dá ṁarg agas dá ḟiċid marg ar son na mbo céadna huas."

Ag so sompla eile de Ghaeḋilig sgríoḃaḋ in Albain sa mbliaḋain 1567. Is as leaḃar darb ainm "Leaḃar Urnuiġe Gaeḋilge" é. Tá a úġdar, Carsuel, ag deunaṁ gearáin mar ġeall ar teirce leaḃar diaḋa Gaeḋilge in Albain in a aimsir, agus a deir sé:

"Cuid mór eile d'ár n-ainḃfios agas d'ár n-

aineolas, diṫ teagaisg fírinndiġ oraind agus leaḃar maiṫ neoċ dá tuigfidís caċ go coitċeand ar a mbriaṫruiḃ féin, agus ar a dteangaiḋ ġnáṫaiḋ Gaoiḋeilge." Deir sé i n-áit eile: "Is tearc neaċ ag a ḃfuil ceart canaṁna na Gaoiḋilge; agas ní a n-Albain aṁáin aċt a n-Eirind féin, aċt mar a ḃfuil sé ag beagán d' aois ealaḋna maiṫ re dán agas re Seanċus, agas méid éigin do ṁacaiḃ léiġind; ar an aḋḃar sin, dá ḃfaġaḋ saoi re ealaḋan loċt sgrioḃṫa sa leaḃar beg-sa, gaḃaḋ sé mo leiṫsgélsa, óir ní ḋearna mé saoṫar ná foġluim sa nGaoiḋeilig aċt aṁáin mar gaċ nduine do'n ṗobal coitċeand."

Tá dá niḋ tábaċta re fáġail ar na foclaiḃ so de Charseul; an ċéad niḋ, gur sgrioḃ sé sa gcanaṁain do laḃaraḋ leis na daoiniḃ in Albain an tan do sgrioḃ sé; gurab í teanga "do ṫuigfidís caċ go coitċeand ar a mbriaṫruiḃ féin, agas ar a dteangaiḋ ġnáṫaiḋ Gaoiḋeilge;" an dara niḋ; naċ raiḃ sé 'na ḋuine an ḟoġlumṫa sgrioḃfaḋ a sean ċanaṁuin na Gaeḋilge ba ḋorċa do na daoiniḃ isle agus gan ḟoġluim. Chíḋfear go ḃfuil litriuġaḋ Charseil beagán neaṁ-ionann de'n litriuġaḋ láṫaireaċ. Sgrioḃaiḋ sé "d" i n-áit "n" i ndeireaḋ focal mar "coitċeand," &c.; aċt bí nós céadna de litriuġaḋ ar n-a ċleaċdaḋ in Eirinn in aimsir Charseil.

Ag so sompla Gaeḋilge do sgríoḃaḋ in Albain mór déiġeanaiġe fós. Is marḃna í do ċum duine éigin neaṁ-aiṫeanta ar ḃás fir darab ainm O Duiḃne, no, mar ġoirṫear air anois, Cambeul. Tá an dán re feicsin san leaḃar mór sin "Láiṁsgríḃinne Nairiúntaċa Alban." Fuair an fear ar ar cumaḋ é, bás sa mbliaḋain 1631. Is píosa filiḋeaċta breáġ é. Tá sé sgríoḃṫa insna sean litriḃ :—

"Mór an brón sgeul, bás I Dhuiḃne, deaġṁac
        Chailin, cean̄ na ndruaġ;
  Fear do ċuir a ċlú go h-Alṁuin, mo ġuin an[di]u
        a aḋbui fuar;
Mór an easbaiḋ do iaṫ Alban, úr ṁac Chailin nár
        ġaḃ geis;
  An deaḃuiḋ dian, an dreaċ-ḋonn, níor ḋealaiḋ
        cliar leaṫlom leis.
Donnċaḋ O Duiḃne, áġṁór uasal, aon dar uaṁailiḋ
        sioḋ is fonn;
  Ceann an ċeoil, "romċra." a éigḃreiṫ; molaḋ leom
        an déidġeal donn."

Ní'l aċt aon ḟocal cruaiḋ agus neaṁ-aiṫeanta 'nois san dán so, eaḋon, "romċra." Is é a ċiall "ba ḃrónaċ ḋam." Ní sféisialta do Ghaeḋilig na h-Alban an ḟoirm sin. Is sean-ḟoirm Gaeḋilge í ba ċoitċeann in Eirinn agus in Albain an allód.

Ag so alt as leaḃar d'ḟoillsiġeaḋ go déiġeanaċ in Albain dáib ainm Reliquiae Celticae, no iarsmaċa sgríbinne Gaeḋilge, do sgríoḃaḋ in Albain le Albanaċ do Albanċaiḃ. Do sgríoḃaḋ an píosa so leanas timċeall na bliaḋna, 1700. 'Sé cunntus caṫa no troide in Albain in aimsir Mhontróis:

"Do ḃí Aongus Mac Ailín Duiḃ ar deireḋ a ċuideaċta féin ar ṁuin eiċ, gan pillín gan diolaḋ, agus guna fada trasda 'n a uċt ar a ḃélaiḃ. Ní do (de) ṁuin eiċ fa gnáṫ leis congnaṁ do ġeunaṁ aċt d'a ċois. Tar leis gur ṁoṫaiġ an marcaċ ag denaṁ uair no dó, air. Uair d'uairiḃ dá d[t]áinic a n-diaiġ Aonguis, tug Aongus an ċos re lár, agas do leig a eaċ féin uaiḋ; do ċuir [sé] a ġuna ar ċloiċ go h-aṫlaṁ, agas do lorg an t-urċur, agus do ṫuit fear an trusgáin ḋeirg fó ċosaiḃ a eiċ."

Ní'l aon lorg Gaeḋilge nuaiḋe na h-Alban ar an Gaeḋilig sin. Is teanga na h-Eireann ar fad í, giḋ go ḃfuil litriuġaḋ coda ḋí beagán ársa, mar "tar leis" in áit "dar leis"; "fa" in áit "ba," etc; aċt ní'l aon diṫfir ó Ghaeḋilig láṫairiġ ann naċ ḃfuil re fáġail i nGaeḋilig úġdar Eireannaċ do ḃí cóṁaimsireaċ leis an ḃfear do sgríoḃ í.

Ag so píosa eile as an leaḃar ceudna do sgríoḃaḋ

níos déiġeanaiġe fós, no timċeall na bliaḋna, 1740 no 50, no b'ḟéidir níos déiġeanaiġe:

> "Da mbiġinn fein ann san Eiphte, (Eigipt.)
> Mo ġraḋ sa Greig no 'san Spainn,
> Gu b'ait liom faġail deaġ sgeula,
> Air ainnir ḃeil ḋearg an eadainn ḃain.
> O naċ dean do luaḋ ḋam eifeaċd,
> 'S leam is feidir ḃiṫ am ṫaiṁ;
> Leigiḋ me mo ṁile beannaċd
> Gus an ainnir ur gu bas."

Chíḋfear é naċ ḃfuil aon síne fada, no cóṁarṫa luiḋe goṫa, ó ḃár go bun an ṗíosa so; aċt ní dearḃaḋ Gaeḋilge Albanaiġe é sin, óir tá mórán deaġ Ghaeḋilge Eireannuiġe re fáġail a leaḃraiḃ do sgrioḃaḋ fad ó, ann naċ ḃfeicṫear aon t-síne fada 'ṁáin. Ní ḋearḃann "gu" in áit "go" gur Gaeḋilig Albanaċ í, óir is minic faġmaoid "gu" in áit "go" no "co" a nGaeḋilig na h-Eireann, agus a sean Ghaeḋilig mar an gceudna. Is éigean a ráḋ go ḃfuil an píosa so miċeart a n-áitiḃ, aċt ní ḋearḃann sin naċ Gaeḋilig na h-Eireann í.

Tugṫar anois goleor sompla Gaeḋilge do sgrioḃaḋ in Albain le Albanaċaiḃ re dearḃaḋ guraḃ ionann le Gaeḋilig na h-Eireann an teanga do sgrioḃadar agus do léiġeadar in Albain go dti meáḋon na h-aoise

déiġeanaiġe. Deir an sgoláire Gaeḋilge is fearr do ḃí aca, eaḋon, Tomás Mac Laċlain, ins an *Encyclopædia Britannica,* "Ní'l aon duilleog aṁáin in Albain do sgrioḃaḋ a gcanaṁuin eile aċt a nGaeḋilig na h-Eireann roiṁ meáḋan na h-aoise déiġeanaiġe." Deir sé mar an gceudna, "go raiḃ an Bíobla sa nGaeḋilig Eireannaiġ aiṫniġṫe go maiṫ, agus léiġṫe a dteampulaiḃ agus a dteaċlaċaiḃ ar fud Gaeḋealtaċda na h-Alban."

B'ḟéidir go ḃfiafróċar, Cad do ṫug ar na h-Albanaċaiḃ teanga a sinnsear d'aṫarruġaḋ, óir sgrioḃaid cineul Gaeḋilge anois naċ féidir le h-aon Eireannaċ do ṫuigsin gan fad aire airiġṫe do ṫabairt d'a foġluim? Is eaḋ a deirid na h-Albanaiġ guraḃ éigean an ċanaṁuin Eireannaċ do ṫréigean de ḃríġ nar ḃféidir leis na daoiniḃ coitċeanna neaṁḟoġlumṫa í ṫuigsin; agus guraḃ éigean an Ghaeḋilig do sgrioḃaḋ in a gcanaṁuin féin ionnas go dtuigfiḋe leo í. Is leiṫsgeul ionganta sin, go deiṁin, óir ḃí Gaeḋeal na h-Alban ag léiġeaḋ agus ag sgrioḃaḋ Gaeḋilge na h-Eireann (gan teanga ar biṫ eile do léiġeaḋ no do sgrioḃaḋ) ar feaḋ míle bliaḋan; aċt a n-deireaḋ na h-aimsire sin, agus tár éis an méid sin

cleaċdaiḋ léi, fuaradar amaċ go h-obann nár ḃféidir leo í ṫuigsin níos mó!!

Tá mé brónaċ gurab éigean dam a ráḋ naċ ḃfeicim aon ṁoḋ le ḃfeudaim gníoṁ na n-Albanaċ a dtaoiḃ a dteanga do ṁíniuġaḋ aċt re mear go ndearnaḋ é ar fuaṫ do na h-Eireannaċaiḃ, agus dúil leis na h-Albanaċaiḃ roinn agus eidirḋealuġaḋ do ḋeunaṁ eatorra féin agus na h-Eireannaċaiḃ. Aċt, ar an dtaoiḃ eile, cad í an ṁaiṫeas ḋeunfaḋ sin dóiḃ? Bhi eolas ag na h-uile ḋaoiniḃ ar feaḋ míle bliaḋan go dtáinic Gaeḋeal Alban agus Eireann as aon ḟréiṁ, agus gurab ionann an teanga laḃaradar. Tuilleaḋ fós, ní ṫugas faoi deara go raiḃ aon ḟuaṫ ná déisdin ag daoiniḃ as Gaeḋealtaċt na h-Alban ar na h-Eireannaċaiḃ. Chonnarcas go leor díoḃ in America, agus ḃí siad lán ċáirdeaṁuil le h-Eireannaċaiḃ. Is dóiġ liom go ndearnaḋ an t-aṫarruġaḋ a nGaeḋilig na h-Alban le dornán beg daoineaḋ do ḃí feargaċ a n-aġaiḋ na n-Eireannaċ mar ġeall ar neiṫiḃ do ḃean re creideam agus re riaġaileolas, no neiṫiḃ politi-caċa; agus ḃí siad féin ċóṁ aineolaċ sin ar Ghaeḋilig, agus ḃí an doṁan go léir ċóṁ aineolaċ uirri mar an gcéadna ins an am sin, gur ṁeasadar naċ dtiocfaḋ an t-am go deo in a noċtfaiḋe agus in a dtuigfiḋe an feall

do rinneadar ar a dteanga féin. Aċt is mór an t-iongnaḋ é nár ġlaoḋ aon duine in Albain a n-aġaiḋ amadánaċda d'a ċineul, óir ní dearnaḋ le h-aon ċineul daoineaḋ amadánaċd ba ṁó 'na í.

Is eaḋ a deirid na h-Albanaiġ anois go raiḃ caint no canaṁuin aca a g-coṁnuiḋe do ḃí eugsaṁuil ó'n teanga do sgrioḃ siad, agus nár sgrioḃ siad a g-canaṁuin féin ins an t-sean aimsir de ḃríġ go raiḃ cáil agus ceannus litreaċta na h-Eireann ċóṁ trom orra nár ḟeudadar a gcanaṁuin féin do sgrioḃaḋ na do ḋeunaṁ cloḃuailte; no i ḃfoclaiḃ eile, gur laḃradar aon teanga agus gur sgrioḃadar teanga eile, agus go raiḃ sé mar sin leo a riaṁ go dtí an t-am in ar ṫosuiġ siad a gcanaṁuin féin do sgrioḃaḋ um meáḋan na h-aoise déiġeanaiġe. Níor cumaḋ riaṁ leiṫsgeul no breug níos bacaiġe, níos amadánaiġe 'ná níos laige 'na an leiṫsgeul so. Ins an ċéad áit, ní raiḃ rud mar sin re fáġail ná re féicsin in aon tír; ní'l aon teanga gan canaṁna, agus tá mórán canaṁuin a nGaeḋilig na h-Eireann; aċt ní ċualamar riaṁ tráċd ar aon tír in ar ṁair dá ṫeanga, teanga na leabar agus teanga an teallaiġ, taoḃ le taoiḃ ar feaḋ míle bliaḋan. Ins an dara h-áit, dá mbeiṫ teanga ag na h-Albanaċaiḃ eugsaṁuil ó ṫeanga na

leaḃar, cad fá, 'nuair ṫosuiġeadar d'a sgrioḃaḋ, nar sgrioḃadar ar fad í? Ní ḋearnadar mórán aṫarruġaḋ ar dtús. 'Sé Tiomna Nuaḋ an ċeud leaḃar fiú luaḋ do cloḃuaileaḋ a nGaeḋilig na h-Alban, agus sa mbliaḋain 1767, do cloḋbuaileaḋ é; aċt tá dá uair, ceiṫre uaire, níos mó diṫfre eidir é agus Tiomna Nuaḋ Gaeḋilge na h-Alban de 1875, iona eidir Tiomna 1767, agus Gaeḋilig na h-Eireann. Níor ḟeud aon Albanaċ do ṁair sa mbliaḋain 1767, Tiomna Gaeḋilge Alban de 1875, do ṫuigsin go léir. Naċ tairbeuntar de so, naċ raiḃ canaṁuin fa leiṫ de Ghaeḋilig ag na h-Albanaċaiḃ sa mbliaḋain 1767, nuair nar ċlobuaileadar ar fad í? Tá na h-Albanaiġ ag dul ó olc go h-olc le n-a nGaeḋilig, agus d'a h-aṫarruġaḋ níos mó 'gus níos mó ó'n ló in a ndearnadar an ċéad aṫarruġaḋ innte. Má ṁaireann sí céad bliaḋain níos mó, agus má deuntar an meud sin malairt innte a's do rinneaḋ ar feaḋ na gcéad bliaḋan ċuaiḋ ṫarrainn, beiḋ sí níos cosaṁla re Arabic 'na re Gaeḋilig.

Do ċuaiḋ Gaeḋeal na h-Alban níos faide in a ḃfuaṫ a n-aġaiḋ an ċiniḋ ó'r ḟásadar, iona do ċuaiḋ aon ċine eile ó ṫús an domain. 'Nuair do sgaoileaḋ na h-Americánaiġ ó ċuing Sacsan tar éis mórán bliaḋan de ċogaḋ, níor ċuir siad aon ṁalairt ar an mBeurla;

agus anois tar éis níos mó na céad bliaḋan ó saoraḋ ó ċúṁaċd Sacsan iad, is ionann an teanga labarṫar agus sgríoḃṫar a Lúndun agus a Waisington. Ní raiḃ fuaṫ eidir dá ċine riaṁ níos seirḃe 'na 'n fuaṫ do ḃí ag muintir Deas-America agus Meáḋan-America ar na Sbáineaċaiḃ; aċt 'nuair do saoraḋ muintear na dtíreaḋ sin ó ċúṁaċd agus ó ġéirleanṁuin na Sbáineaċ, níor aṫarraiġdear teanga na Sbáine, agus is ionann teanga sgríoḃṫar andiú ar fud gaċ tíre ó'n Rio Grande go Ceann Horn, agus teanga na Sbáineaċ. Cuirṫear a gcéill de so go ndearnadar na h-Albanuiġ nid naċ ndearnaḋ le cine ar biṫ eile.

Dá mbeiṫ canaṁuin ag na h-Albanaċaiḃ eugsaṁuil ó'n teanga do sgríoḃadar agus do léiġeadar ar feaḋ mórán aois, is iniṁeasta go ḃfeicfiḋe í 'nuair ṫosuiġ siad clóḃualaḋ na Gaeḋilge in Albain; aċt ní ḟeacaḋ í go ceann dá ċéad bliaḋan tar éis clóḃuailte an ċéid leaḃair Gaeḋilge in Albain! Naċ soilléir de so gur canaṁuin "láṁ-deunta" an ċanaṁuin Gaeḋilge sgríoḃaid na h-Albanuiġ anois?

Is é aistriuġaḋ na Gaeḋilge in Albain, an buille is truime d'ḟuair an teanga sin a riaṁ. Do ḃí faill níos feárr ag na h-Albanaċaiḃ litreaċt nuaḋ Gaeḋilge do ċur ar bun ar feaḋ leiṫe déiġeanaiġe na h-aoise

déiġeanaiġe 'na do ḃí ag na h-Éireannaċaiḃ. Ḃí
Éire faoi ḃrúid agus faoi ḃrón 'nuair ḃí Alba fá ṡíṫ.
Ḃí ċuid ṁór de ḋaoiniḃ na h-Éireann faoi ġeirlean-
ṁuin 'nuair do ḃí na h-Albanuiġ saor ó ċuing an
ḃuaiḋteora. Dá mba áil leo, agus dá leanfaidís
sgríoḃaḋ na Gaeḋilge mar sgríoḃadar a sinnsear í,
do ḃeiḋeaḋ ar a gcumas briġ agus meas do ċur ar a
dteanga naċ raiḃ uirri ar feaḋ mórán aois roiṁ an
aimsir sin. Do ḃí mórán fear litreaċt in Albain
ó ṁeáḋan na h-aoise déiġeanaiġe go meáḋan na h-
aoise láṫairiġe, níos mó, b'ḟéidir, iona in aon tír d'a
meud san doṁan; aċt níor ċuir fear de na fearaiḃ
litreaċta so aon suim sa nGaeḋilig a dtíre. Ḃí dá
áḋḃar fá nar ċuireadar suim innte; an ċeud áḋḃar,
de ḃriġ gur cuireaḋ gráin agus déisdin orra tre
breugnuġaḋ agus tre dánaċd Mhic Phearsain agus na
mealltóireaċ do ṫaoḃaiġ leis; an dara áḋḃar, de ḃriġ
gur scanruiġeaḋ iad leis an teanga Fhrancenstíniġ
do ċum na mealltóiriḋe as deasgaḋ na Gaeḋilge.
Mairfiḋ Gaeḋilig na h-Éirreann de ḃriġ go ḃfuil
freuṁ agus bunáit aice san aimsir imċéin ṫábairfear í
fá deara; aċt ní'l aon ḟreuṁ ná bunáit san aimsir
imċéin ag Gaeḋilig nuaiḋ na h-Alban; ní'l aon ṁeas
ag aon duine foġlumṫa uirri; is scannail le daoiniḃ

cneasda i, is náire do'n ċine ar fad í; ar na h-áḋḃraiḃ so ní féidir lei marṫainn.

Tá sé beagnaċ trí caogad bliaḋain ó aistriġeaḋ Gaeḋilig in Albain ar dtús, aċt tá daoine ann fós naċ leanas teanga láiṁ-deunta na leaḃar, aċt laḃaras Gaeḋilig a sinnsear. D'iarr mé, uair aṁáin nuair ḃí mé in Albain, ar ḟean ḟear ó'n Gaoḋaltaċt, la ville des rois do ráḋ an Gaeḋilig. Duḃairt sé "caṫair na ríoġ" gan stad. "Cad fá naċ duḃairt tú caṫair nan ríoġ, óir is mar sin tá sé sgríoḃṫa in bur leaḃraiḃ?" ar mise. "Maiseaḋ," a duḃairt sé a mBeurla, "Ní leanamaoid Gaeḋilig na leaḃar a gcóṁnuiḋe; agus measaim naċ leantar Gaeḋilig na leaḃar le mórán daoineaḋ aċt na ministéiriḃ in a seanmóiriḃ." Ba fíor ḋó; agus is iad na ministéiriḋe do ċuir an ċeud míoraċ ar Ghaeḋilig in Albain.

Tá dá ṫeanga 'nois sna h-áitiḃ in naċ raiḃ aċt aon teanga 'ṁáin beagán níos mó 'na céad bliaḋain ó ṡoin. Ní imṫiġeann aon leaḃar Gaeḋilge na h-Eireann in Albain anois, agus ní imṫiġeann aon leaḃar Gaeḋilge na h-Alban in Eirinn. Is díoġḃáil mór í sin do'n Ghaeḋilig; aċt 'sí díoġḃáil níos measa ḋí, an eisiompláir ṫug na h-Albanaiġ do ṁuintir eile; óir má ċeart ḋóiḃ teanga no canaṁuin nuaḋ do ċumaḋ, ba ċeart é

do na Muiṁneaċaiḃ, na Connaċtaiḃ agus na h-Ultaiḃ an niḋ ceudna do ḋeunaṁ, agus dá n-deunfaiḋe sin, cá fad ṁairfeaḋ an Ghaeḋilig? Ní'l aon teanga san doṁan gan canaṁna; aċt muna mbeiḋ ceann-ṫeanga, no teanga litreaċta in gaċ aon tír ṫoiliġeas teanga ḋíleas do ḃeiṫ aice, ní fad go mbeiḋeaḋ mío-orduġaḋ ar fud an doṁain, agus is geárr naċ mbeiḋeaḋ cine ar biṫ ann, óir 'sí teanga bunáit cineaḋaċta.

An naoṁaḋ h-alt.

Ní bfuil aon níḋ beanas re litreaċt ċóṁ maiṫ re páipeur nuaiḋeaċta ċum teanga do leaṫnuġaḋ agus ċum í do ṫabairt fá deara do na daoinib go coitċeann. Tá a lón de ḋaoinib ann do léiġfeaḋ páipeur nuaiḋeaċta, naċ léiġfeaḋ leabar d'aon ċineul, dá ḟeabas; agus is inṁeasta agus is iontuiġṫe naċ mbeiḋ Teanga Ṫíoraṁuil na h-Eireann ar bun daingean ins an tír so no go gcuirṫear suas páipeur seaċtṁuineaċ innte. Ní bfuil mórán maiṫeas' a bfoillsiuġaḋ míosaṁuil, óir is doḋeunta nuaiḋeaċt do ċur ann. Tuille fós, is í an ċuiḋ is aoinfilte 'gus is coitċinne de ṫeangṫaib bíos ins na páipeuraib, go h-áiriġṫe sa bpáirt tabarṫa do nuaiḋeaċt.

Ní raib páipeur nuaiḋeaċta sa nGaeḋilig a riaṁ no go cuireaḋ suas ceann beg in America beagán bliaḋan

ó ṡoin a mbaile beg darb ainm Sidni, i Nova Scotia. Is a nGaeḋilig Albanaiġ sgríobṫar é; ’sé an Mac Talla is ainm de, agus is iontuigṫe gurab uaṫḃáraċ an ċanaṁuin in a ḃfoillriġṫear é; aċt is cuma; is ceart agus cóir gaċ molaḋ do ṫabairt dóiḃ so le’r cuireaḋ ar bun é. Thug siad samplóir do na h-Eireannaċaiḃ ba ċeart dóiḃ leanṁuin má’s mian leo a dteanga do ṡaoraḋ ó ḃás obann. Ag so an áit in a gcuirṫear sinn a ndoċar le usáid an t-sean cló. Ni ḃeiḋeaḋ cosduis páipéir san litir Roṁánaiġ mórán níos mó ’na leaṫ cosduis páipéir san litir Ghaoḋalaiġ. Aċt is cinnte go mbeiḋeaḋ mórán daoineaḋ naċ gcuir-feaḋ aon t-suim ann muna gcloḃuaileaḋ é sna sean litriḃ; agus má ċuirṫear páipeur ar bun sa nGaeḋilig, buḋ h-éigean é do ḃeiṫ san sean cló. D’eiriġ na h-Albanaiġ as usáid an t-sean cló timċeall dá ċéad bliaḋan ó ṡoin, aċt níor cloḃuaileaḋ leaḃar ann in Albain riaṁ, giḋ go raiḃ mórán sean̄-sgríḃinne deunta le Albanaċaiḃ ann, go dtí an t-am luaiḋtear ṡuas.

Ni féidir páipeur Gaeḋilge do ċur ar bun gan airgead, agus cá h-áit as a dtiocfaiḋ sé? ’Si mo ḃaraiṁuil féin go mba feárr gan páipeur do ċur ar bun ar biṫ muna gcuirṫear ar bun daingean é; agus

giḋ cóir do gaċ aon lán ṁolaḋ do ṫabairt ḋóibsan do ċuir an duilleog ḃeg ar bun i Nova Scotia, measaim go ndeunfaḋ níos mó d'olc 'na de ṁaiṫeas dá gcuirfeaḋ suas páipeur suaraċ mar é i nGaeḋilig na h-Eireann. Ní ṫiocfaiḋ linn duilleog ċóṁ mór leis na páipeuraiḃ laeṫeaṁula d' Aṫ-cliaṫ do ċur ar bun; act ba h-éigean é do ḃeiṫ measaṁuil agus deas,—cloḃuailte leis an gcló is feárr agus ar an bpáipeur is feárr, agus sgrioḃṫa sa nGaeḋilig is feárr, gan aon ḟocal ná line do ḃeiṫ ann, dá naċ ḃfaġṫar dearḃaḋ sa n-Gaeḋilig do sgrioḃaḋ le daoiniḃ ag a raiḃ maiġistreaċt uirri, mar Céitinn, O Maolṁuaiḋ, O Cleiriġ, O Donnḟleiḃe, Bedel agus daoine eile d'a gcineul. Act tá mórán neiṫeaḋ ar a ḃfuil riaċtanus tráċtaḋ anois nar tuigeaḋ agus nar aiṫniġeaḋ a n-aimsir na Saoiṫeaḋ Gaeḋilge luaiḋtear suas. Má cuirṫear suas litreaċt nuaḋ Gaeḋilge, buḋ h-éigean dúinn mórán focal do ċumaḋ ar naċ raiḃ eolas ag na daoiniḃ a n-allód, mar "boṫar iarainn," "long gaile," agus a leiṫeid; agus buḋ h-éigean, mar an gceudna, moḋ nuaḋ Gaeḋilge do ċleaċtaḋ, óir luaiḋfear neiṫe nuaḋa nar tuigeaḋ agus nar aiṫniġeaḋ 'nuair do sgrioḃaḋ Gaeḋilig leis na daoiniḃ foġlumṫa isa n-anmna tugṫar suas.

Mar duḃraḋ i réaṁ-ráḋ an leaḃair so, tá bearna trí ċéad bliaḋan sa nGaeḋilig, óir níor cleaċtaḋ í le daoiniḃ foġlamṫa ar feaḋ na h-aimsire sin. D' ḟágaḋ ar gcúl í an tan d' imṫiġ na teangṫa eile ar aġaiḋ. Ní h-ionann Beurla na h-aimsire so agus Beurla Sécspír. Tuille fós, tigid moḋa labarṫa nuaḋa isteaċ in gaċ aon teanga beo, agus tigid go minic ó ṫeanga go teanga. Tá mórán moḋ labarṫa sa mBeurla ṫáinic innte ó 'n bFrainncis, agus tá mórán moḋ labarṫa sa bFrainncis ṫáinic innte ó'n mBeurla. Tá mórán díoḃ a nGaeḋilig ṫáinic ó'n mBeurla, agus ní ḟeicim cionnus is féidir linn d'a ndíbirt, óir is fad ó ṫáinic siad innte. Tógamaois an ráḋ so mar ṡompla, "Do ṫuit sí a ngráḋ leis." Measaim naċ bfuil aon áit in Eirinn in a labar-ṫar Gaeḋilig in naċ gcluinfear an ráḋ so. Is moḋ labarṫa Beurla é ar na ċur a nGaeḋilig. Tá mórán ráḋ mar sin re fáġail ar fud na tíre d'eiriġ ó'n mBeurla, agus mairfiḋ siad ċóṁ fad a's mairfeas an Ghaeḋilig; aċt is cinnte go bfuil deiċ moḋ' labarṫa a mBeurla na h-Eireann d'eiriġ ó'n nGaeḋilig a n-aġaiḋ aoin moḋ' a nGaeḋilig do ṫáinic ó'n mBeur-la. Muna mbeiṫ go bfuilim faoi ġeis gan aon ḟocal beurla do sgrioḃaḋ san leaḃar so, d'ḟeudfas céad

sompla ṫabairt de ṁoḋaiḃ labarṫa atá i n-usáid ar fud Éireann go léir, agus ameasg sliocṫ na n-Éireannaċ ar fud an doṁain, d'éiriġ ó'n Gaeḋilig. Doġeibṫear na moḋa labarṫa so ní aṁáin ameasg daoineaḋ tuataċ ar fud na tíre, acṫ a measg daoineaḋ foġluimṫa ins na caṫraċaiḃ féin, nar labair aon ḟocal Gaeḋilge riaṁ. Is iontuiġṫe agus is soilléir de so gur deacair é teanga do ṁarḃaḋ go léir.

Acṫ is a n-ainmnaiḃ áiteaḋ atá an greim is daingne ag a nGaeḋilig ar Éirinn. Má éageann sí, agus má eulóiġeann sí ó'n teaġlaċ, mairfiḋ sí go deo ar ċnoc, ar ġleann, ar ṁáġ, ar ṁaċaire, ar loċ, ar lios ar baile 'gus ar boṫar. Ta níos mó áitanmann in Éirinn iona in aon tír eile d'a meud san doṁan. Dá mbeiṫ an Ghaeḋilig marḃ ar fad, agus í gan cáil gan clú gan leaḃair, do ḃeiḋeaḋ leor tarronga innte do'n té ag a raiḃ gráḋ ar an dúṫaiġ in a rugaḋ é, do ṫabairt air, teanga na dúṫaiġe sin d'ḟoġluim. Is cuma cad tiocfas, tá teanga na h-Éireann stereatípe * in áitanmnaiḃ ar a h-aġaiḋ go deo. Is féidir

* "Stereatípe;" tá mórán focal mar so bus riaċtanaċ leigion isteaċ sa nGaeḋilig má's mian linn í ḟeicsin faoi ḃláṫ a rís. Caiṫfiḋ sinn deunaṁ mar deuntar leis na teangṫaiḃ eile. Ní'l aon teanga ṁíniġṫe in Euróip in naċ ḃfuil an focal fuar re fáġail. Deirid *stereotypé* a ḃFrainncis, *stereotyperte* a nGearmáinis, agus *stereotipo* in Eadailis. Is ó ḟreuṁ Gréiġise ṫáinic sé.

leis na coiṁiġṫeaċaiḃ agus na cábógaiḃ cuid ṅ'a n-anmann so do ṁalairt agus do ḋíbirt; aċt ní ḟeudaid d'a malairt agus d'a ndíbirt go léir níos mó 'na tiocfaiḋ leo do ċosg aḃráin gaċ fuiseóige seinneas ós na h-áitiḃ so san spéir.

Má ċuirṫear páipeur nuaiḋeaċta Gaeḋilge ar bun, buḋ riaċtanaċ gaċ uile litir na h-aibgitre Roṁáiniġe do ċur a ḃfeiḋm; buḋ h-éigean na litre *j*, *k*, *q*, *x*, *y*, agus *z*, naċ ḃfuil san aibgitir Gaeḋilge anois, do ḋeunaṁ a gcuma agus a ḃfoirm na litreaḋ Gaeḋilge eile, le h-aġaiḋ litriġṫe focal coiṁiġṫeaċ, anmann daoineaḋ agus áiteaḋ, naċ féidir a sgrioḃaḋ leis na litriḃ atá ins a nGaeḋilig anois. Ni buḋ úroibriuġaḋ so, óir mar duḃraḋ ċeana, tá na litre so uile re fáġail in san t-sean Ghaeḋilig.

Aċt tá niḋ eile, agus measaim gurab é an deacraċt is mó a dtaoiḃ páipéir seaċtṁuiniġ do ċur ar bun sa nGaeḋilig, 'sí sin teirce na gclóḋadóraċ ṫuigeas Gaeḋilig. Ni'l aon eolas ar aon ċlóḋadóir agam aċt ceann aṁáin ag a ḃfuil aon eolas ar Ghaeḋilig. Dá mbeiṫ am go leor ag feareagair páipéir ċum na ndearḃaḋ do ċeartuġaḋ mar do ḃeiḋeaḋ ag fear sgrioḃṫa leabair, ní ḃeiḋeaḋ an ċaill aimsire ċóṁ diogḃálaċ; aċt 'nuair cuirṫear páipeur ar

bun, doḃ éigean a ḃeiṫ clóḋḃuailte i gceann ama air-iġṫe, buḋ riaċtanaċ do'n ċuid is mó de na clóḋadóiriḃ do ḃeiḋeaḋ ag oibriuġaḋ air, eolas na teanga do ḃeiṫ aca. Aċt cá ḃfuil na cloḋadóiriḋe so re fáġail, óir ní féidir páipeur seaċtṁuineaċ Gaeḋilge do ċur ar bun gan iad? Tá ḟios ag na h-uile ḋaoiniḃ go ḃfuil sé ar ċumas gaċ aoin ċlóḋadóra cló Gaeḋilge do ċur suas, cuir a gcás naċ tuigeann sé focal aṁáin de'n teanga. Tá an ċuid is mó de'n Ghaeḋilig clóḃuailtear in Eirinn agus in gaċ uile áit eile, cuirṫe suas le daoiniḃ naċ tuigeann focal aṁáin de'n teanga; aċt ní oibriġid ar ṗáipeur nuaiḋeaċta atá go léir a nGaeḋilig; ní deirṫear riu, "Caiṫfiḋ siḃ an t-airtiogal sin do ċur a gcló taoḃ istiġ uaire go leiṫ," mar dear-fuiḋe riu go minic dá mbeidís ag oibriuġaḋ ar ṗáipeur seaċtṁuineaċ. Dá mba páipeur Gaeḋilge san litir Roṁáiniġ é, ar a mbeiḋeaḋ clóḋadóir gan eolas Gaeḋilge ag oibriuġaḋ, ġéaḃaḋ sé an meud trioblóide obair luaṫ do ḋeunaṁ air a's do ġéaḃaḋ le páipeur san t-sean litir. Ní féidir le h-aon cló-ḋadóir aon teanga ċlóḃualaḋ go luaṫ ná go ceartmuna ḃfuil eolas aige uirri. Measaim naċ ḃfuil mórán daoineaḋ beo ar ar cuireaḋ níos mó trioblóide 'na oram féin le clobualaḋ Gaeḋilge. Is minic ba h-éigean

dam tri dearḃaiḋ d'ḟáġail, agus tar éis mo ḟaoṫair go léir, do ḃeiḋeaḋ an Ghaeḋilig lán d'earrádaiḃ. Ní'l aon aiṁsir ar biṫ, dar liom, naċ mbeiḋ páipeura nuaiḋeaċta aṁáin, aċt uile ċineul litreaċta nuaḋ sa nGaeḋilig go goirid againn, agus is mór an t-iongnaḋ é, naċ ḃfuil cinn éigean de na clóḋadóiriḃ in Aṫ-cliaṫ ag foġluim na teanga. An tan cuirfear páipeur Gaeḋilge ar bun—agus ní fad sul cuirfear ar bun é—'siad na clóḋadóiriḋe le eolas ar an teanga toġfar ar dtús re oibriuġaḋ air.

An Deaċṁaḋ Alt.

Is barraṁuil ċoitċeann í, go h-áiriġṫe a measg daoineaḋ naċ tuigeañ Gaeḋilig ar aon ċor, agus a measg na ndaoineaḋ naċ tuigeañ aċt an t-sean Gaeḋilig aṁáin, go ḃfuil bearna doṁain eidir í 'gus an Ghaeḋilig láṫairiġ. Is fíor go ḃfuil mórán diṫfre eidir an t-sean Ghaeḋilig agus an Ghaeḋilig nuaiḋ, aċt ní'l an diṫfir ċóṁ mór a's saoilid daoine éigin. Feuḋtar a ḃeiṫ go ḃfuil cuid de'n t-sean teanga do sgrioḃaḋ i n-aimsir Naoiṁ Pháḋraic agus níos déiġeanaiġe fós, in a ḃfuil mórán focal re fáġail naċ tuigfiḋe anois, agus mórán foirmeaḋ graiméir neaṁċoitċeann; aċt ba ċeart do ċuiṁniuġaḋ naċ ḃfuil aon t-sean Ghaeḋilig ċóṁ deacair ná ċóṁ cruaiḋ a's feuċann sí ar an gceud aṁarc. Tá daoine ann, aistriġeas sean

Ghaeḋilig go Beurla, agus deunaid a n-diċċeall ċum na Gaeḋilge do sgrioḃaḋ a moḋ in naċ tuigfear í aċt leis na sgoláiriḃ cliste agus na daoiniḃ do ṫug fad saoṫar d'a meaṁruġaḋ. Ní ċuirid puinc ná cinn litre innte, mar ġeall ar í do ḃeiṫ gan puinc agus gan cinn-litre san láiṁ-sgriḃinn in ar sgrioḃaḋ í míle bliaḋain, b'ḟéidir, ó ṡoin. Ní aṁáin naċ mbionn puinc ná cinn-litre a mórán Gaeḋilge aistriġeaḋ 'gus foillsiġeaḋ go déiġeanaċ, aċt ní ḃíonn eidirḋealuġaḋ eidir na focalaiḃ a mórán áiteaḋ; óir ċíḋmid go minic go mbid tri no ceiṫre focail sgrioḃṫa le ċéile, ionnus go ḃfeicid mar aon ḟocal. Ní ceart do'n Ghaeḋilig an cleaċtaḋ so, óir scanruiġṫear mórán ó ḟoġluim na teanga, leis. 'Siad na crapṫa na neiṫe is deacra 'gus is amadánaiġe sa t-sean Gheaḋilig mar aon leis an Gaeḋilig nuaiḋ. Do ḃí beagán leiṫsgéil ag na sgrioḃnóiriḃ ins an t-sean aimsir d'a gcleaċtaḋ, óir bi meaṁram, no croiceann sgioḃnóireaċta, an daor; aċt ní'l aon leiṫsgeul ag sgrioḃnóir Gaeḋilge aon ċrapaḋ do ċleaċtaḋ 'nois mar ġeall ar saoirse páipéir.

Ag so sompla Gaeḋilge do sgrioḃaḋ timċeall na bliaḋna 1050 le Gialla Caeṁġin, éigeas Eireannaċ, fuair bás sa mbliaḋain 1072. Ní'l aon duine ṫuigeas

an Ghaḋilig láṫaireaċ, naċ tuigfear í go furas. Is aistriuġaḋ go Gaeḋilig é deunta leis an ḃfear luaiḋtear ṡuas. Do sgrioḃaḋ ar d-túis é le fear darb ainm Neṁius do ṁair san naoṁaḋ aois. Is stáir Breataine agus Eireann í, agus ba Bhreaṫneaċ an té lér sgrioḃaḋ ar dtús a Laidinn í, agus d'aistriġ Giolla Caoṁġin ó Laidinn go Gaeḋilig í:

“Iar n-il aimsiriḃ, tra, ro ġaḃsat Románn flaiṫus in doṁain, ocus ro ḟaedsat teaċtaire co h-inis Breatan do ċuingiḋ giall ocus eiṫre, aṁail ṫugsat as gaċ tír. Do ċuadar, imorro, na teaċta co dim-daċ [ar ais] gan giall. Ro feargaiḋeaḋ in riġ. i. Iuil Cesair, re Breaṫnu, ocus ṫánig co LX cuile (long) co indbear sroṫa Tamais. Beallinos, imorro, ba riġ Breatan in tan sin. Do ċuaiḋ Delabealus, consul riġ Breatan, a coṁdáil Iuil Ceasair, ocus ro teasga miliḋ in riġ. Is in aimsir sin ro ḃris donind ocus anfaḋ a longa [Ceasair] ocus do raṫċuir in riġ [Iuil Ceasair] gan cosgur di a ṫír. Tánig[sé], imorro, a rís, a cinn tri mbliaḋan co tri céad long cos in indbear céona.”

Ní'l aon riaċtanas an píosa so ṡuas do ċur i nGaeḋilig láṫairiġ, óir is furas a ṫuigsin, agus is beg an diṫfir eidir é agus an Ghaeḋilig sgrioḃaim féin anois. Is fíor go ḃfuil focail éigin ann naċ tuigfear go coitċeann anois; aċt táid uile re ḟáġail

i bfoclóir Uí Raġallaiġ, aċt aon ċeann aṁáin, eaḋon “cuile;” ’sé bád no long is ciall de; aċt duḃairt an t-Ollaṁ Tod, an té lér aistriġeaḋ leaḃar Nennius ó Ghaeḋilg go Beurla, naċ Gaeḋilg an focal “cuile,” gur Gearmáinis é, dar leis.

Ag so píosa sean-Ghaedilge eile as an leaḃar Breac; agus measaim naċ bfuil mórán Gaeḋilge le fáġail atá níos sine ’ná í. As beaṫa Naoiṁ Bhriġde tógṫar é, agus ba deacair sompla sean Ghaeḋilge le fáġail atá níos breáġa ’ná é.

“Luiḋ Briġit iaram co Dunlaing, riġ Laiġen . . . Tanic, din, moġ do ṁoġaḋaiḃ in riġ do accallaiṁ Briġte, ocas is eḋ adḃert fria, ‘Dánamsaerṫasa do’n ḟoġnuṁ itáim, ro paḋam Cristaiḋe ocus ro foġenaind duitse féin’. Ro ráiḋ Briġit, ‘Conduigsa sin fors an riġ’. Luiḋ Briġit iarum is in dún, ocus conataiġ dá ascaiḋ fors in riġ .i. in claiḋeḃ do Dhuḃṫaċ (ba h-aṫair do Bhriġit Duḃṫaċ) ocas a ḟaoire do’n ṁoġaiḋ. Atḃert Briġit fris in riġ, ‘Máḋ áil duit clann t-sainemail ocus riġe dot ṁacaiḃ, ocus neiṁ duit fén tabair ḋamsa na dá itġe connaigim’. Adḃert in riġ fri Briġit, ’Flaiṫe niṁe, ar se, uair naċ facimm ocas naċ fetar cia ret é, ní ċuinċim. Riġe, tra, do mo ṁacu ní ċuinċim, uair ní beo fén for aird, ocus gniaḋ caċ a aimsir. Tabair ḋam fot saeġail ir riġe, ocus caċ buaiḋ fri h-U Néill, uair is menicc coccaḋ etrainn; ocus tabair ḋam coscar is in cét ċaṫ cor

bam creitmeċ is na caṫaiḃ ailaiḃ', ocus is eḋ, on, ro coṁailleḋ i caṫ Loċair (do ṗiċeaḋ) fri h-U Néill."

Is éigin a ráḋ go bfuil Gaeḋilig an ṗiosa tugṫar faoi ḋeireaḋ, an ḋeacair, giḋ gur sgrioḃaḋ é trí ċéad bliaḋain níos déiġeanaiġe 'na an píos, ar Nennius. Is cosaṁuil, b'ḟéidir, go raiḃ an tráċt a dtaoiḃ Naoiṁ Bhriġde sgrioḃṫa il-ċéad bliaḋain sul sgrioḃaḋ san Leaḃar Breac é. Chíḋfear go bfuil litriuġaḋ an sgéil um Naoiṁ-Bhriġid agus riġ Laiġean, an aosda. Tá "adḃert" in áit "duḃairt;" "foġenaind" in áit "foġnainn;" "forr" ináit "ar;" "frir" in áit "rir;" "in" in áit "an;" "fot" in áit "fad;" "macu" san gcás tabartaċ iolraḋ in áit "macaiḃ," "coccaḋ" in áit "cogaḋ;" "fri" in áit "ri" no "re." Tá mórán focal ann, na tuigfiḋe anois, mar "luiḋ" in áit "do ċuaiḋ;" "dánamsaerṫasa" in áit "dá saorfá mé;" "ní cunċim" in áit "ní ḟiafruiġim," etc. Aċt ba ċóir ḋúinn cuiṁniuġaḋ dá mbeiḋeaḋ an Ghaeḋilig mar na teangṫaiḃ eile, eaḋon, d'a labairt agus d'a sgrioḃaḋ ar fud na tíre dar teanga ḋilear í, ní cuirfiḋe a ndearmad na sean ḟocail so naċ tuigtear anois. Dá mbeiḋeaḋ uile ḟórt leaḃar agus uile ḟórt litreaċta sa nGaeḋilig mar atá sa mBreaṫnuis féin, do ḃeiḋeaḋ lán eolais ar na sean ḟoclaiḃ so naċ tuigtear anois níos mó 'na Gréigis.

Ag so sompla eile sean Ghaeḋilge ar an dán is mó, is sine agus is breáġa san teanga, eaḋon, an "Féilire Oengusa" do sgríoḃaḋ timċeall na bliaḋna 800 d'aois Chríost. Buḋ deacair filiḋeaċt níos breáġa d'ḟáġail in aon teanga nuaiḋ no arsaiġ 'na cuid de na rannaiḃ atá i mbrollaċ an dáin sin. Ní ċuirfear síos annso aċt na ranna in a laḃrann sé a dtaoiḃ sgriosda dún agus daingean na bPáganaċ, agus eiriġe faoi ḃláṫ de na h-áitiḃ in ar tógaḋ na Teampuill Críosduiġe:

"Atbaṫ broc tromm Teṁra
La tairṫim a flaṫa;
Co lín coraḋ sruiṫe
Mairiḋ Ard mór Maċa.

Raiṫ Chruaċan roscaiċe
La h-Ailill gein buaḋa;
Cáin ordan uas fláiṫiḃ
Fil i caṫair Chluana.

Broc Ailliñe uallaċ
Atbaṫ l'a slóġ báġaċ;
Is mór Briġit buaḋaċ,
Is cáin a Ruam dálaċ.

Broc Eṁna roscaiċe
Aċt mairit a cloċa,
Is Ruam iarṫair beṫa
Gleann dálaċ Dá Loċa.

Ind locáin ro gabṫa
Co ndessiḃ is triúriḃ,
It Ruama co ndáiliḃ
Co cétaib, co míliḃ."

Chífear é nár cuireaḋ mórán suime san riaġail litriġṫe "Caol le caol agus leaṫan le leaṫan" ins an t-sean aimsir, óir éiġniġṫear í a mbeagnaċ gaċ líne de na rannaiḃ fuar. Tá na ceiṫre príoṁ-ḋúin Eireann luaiḋte ins na rannaiḃ, eaḋon, Teaṁair, Ráṫ Chruaċain, Dún Ailinne agus Eaṁain Máċa; agus ċítear go raiḃ siad ċóṁ falaṁ agus ċóṁ fásaṁuil a n-aimsir Oengusa a's atáid anois.

Níor ċuireas aon leasuġaḋ ná nuaiḋeaċt ar an t-sean Ghaeḋilig d'a dtugaḋ somplaiḋe, aċt aṁáin an punc do ċur ar na litriḃ ar a mbeiḋeaḋ punc anois, agus na h-anmna dilse do ṫosuġaḋ le cinn litriḃ.

An t-Aonṁaḋ Alt Déag

Tá h-áit a labarṫar an Ghaeḋilig is feárr? Is minic do ċualas an ċeist so, agus ní furas freagraḋ ceart do ṫabairt di. Do labair mé Gaeḋilig le daoinib as gaċ condae in Eirinn agus in Albain in a bfuil si d'a labairt, agus tar ċeann de sin, ní'lim lán cinnte cá h-áit a ċualas an Ghaeḋilig dob ḟeárr. Chítear dam is mar ġeall ar an té labaras í go bfuil sí maiṫ no olc, agus ní mar ġeall ar an áit as a dtig sé. Tá daoine ann, sgrioḃas Gaeḋilig beagnaċ ċóṁ ura 's ċóṁ ceart a's sgrioḃaid Beurla; aċt ní féidir leo í labairt ar aon ċor, de ḃriġ nar ċuireadar rompa í do labairt. Is niḋ tábaċtaċ é so; óir mar naċ feudann teanga marṫainn gan leabair, ní ḟeudann sí marṫainn muna labarṫar í. Is í an ṁotoil so d'a labairt, an

mío-aḋ airiġṫe atá ar an teanga. Ní'l aon ḟocal di a mbeulaiḃ na sgoláiriḋ Gaeḋilge is feárr atá againn. Is iongantaċ an meud daoineaḋ atá ar fud na n-áiteaḋ in a maireann sí fós, ṫuigeas í maiṫ go leor, aċt ní labairfid focal di, má's féidir leo a ṡeaċnaḋ. Ní tearc, faraoir, daoine mar an garsún boċt ċonnarcas a gContae Ṁuiġeo do luaiḋeaḋ san seiseaḋ alt. Bhí sé ag iarraiḋ na déirce, aċt ḃí se a ḃfad ro uaiḃreaċ ċum Gaeḋilge labairt. 'Siad 'na Breaṫnuiġ na daoine ar naċ mbíonn náire teanga a sinnsear do labairt. Ní labairid na daoine oibriġeas ar na boṫraiḃ iarainn a mBreatain, focal ar biṫ aċt Breaṫnuis re ċéile, agus is cuma leo cia ċluineas iad, má's é a maiġisdear Sacsanaċ féin atá 'na láṫair.

Meastar go coitċeann gurab a gcúige Chonnaċt labarṫar an Ghaeḋilig is feárr; b'ḟéidir gurab eaḋ; aċt deunaid na Connaċtaiġ féin mórán earráid in a labairt, agus 'siad so na cinn is measa díoḃ: Labairid na focail "cnoc," "mná," "cnáiṁ," "tuisleaḋ," etc., mar sgríoḃfuiḋe "cruc," "mrá," "cráiṁ," a's "truisleaḋ" iad. Labairid "duine," "deunta," "caiṫte," "measta," "dóirte," mar do sgríoḃfuiḋe "duini," "deunti," "caiṫti," "measti,"

"doirtí" iad. Aċt is ins a mbriaṫaraiḃ deunaid an faillíġe is mó, óir deirid go coitċeann "ċuaiḋmid," "labramuid," "ċualamuid," "ċoncamuid" in áit "ċuaḋmar," "labramar," "ċualamar," "ċoncamar." Aċt is fíor go labraid na Connaċtuiġ níos soilléire 'na na daoine ar na cúigíoiḃ eile, agus le blas níos taitneaṁaiġe.

'Siad na loċta labarṫa is measa deuntar a gcúige-Mhuṁain an son tabraid na Muiṁniġ do na litriḃ "ḋ" agus "ġ" a ndeireaḋ focal. Labraid go coitċeann na focail "cruaiḋ," ruaiḋ, "tiġ," "dallaḋ," "meallaḋ" mar do sgríoḃfiḋe" "cruaig," "ruaig," "tig," "dallag," "meallag" iad. Cuirid, beagnaċ a gcoiṁnuiḋe, an son de "g" ar "ḋ" 'nuair tig "ḋ" a ndeireaḋ focal; ar an áḋḃar sin, labarṫar leo na h-uile briaṫra an ġoṫa fulangiġ san am ċuaiḋ ṫart ċríoċnuiġear le "ḋ" mar do ċríoċnuiġ siad le "g." Loċd labarṫa eile naċ gcluintear aċt a gcúige-Mhuṁain agus in Albain, labarṫar na focail "cuiṁne," "doiṁneaċt," "geiṁreaḋ" beagnaċ mar do sgríoḃfuiḋe "cíne," "doineaċt," "géara" iad. Aċt is éigean a ráḋ go gcoimeudtar sean foirme na mbriaṫar mórán níos feárr a gcúige-Mhuṁain iona in aon áit eile in a labarṫar an

Ghaeḋilig. 'Sí baraṁuil mórán daoineaḋ foġlamṫa gurab i gCondae an Chláir labarṫar an Ghaeḋilig is feárr. Seaċnuid daoine na condae sin mórán droċ labarṫa cúige Chonnaċt agus deiscirt cúige Mhuaṁan.

Dála Gaeḋilge cúige Ulaḋ, ní furas baraṁuil do ṫabairt uirri, óir is beg an meud Gaeḋilge labarṫar ann anois aċt a gcondae Dúin-na-nGall aṁáin. Cúig a's fiċe bliaḋna ó soin do cluinti mórán Gaeḋilge san Iubar, a gCarraig mac Rois, a nDúndalgan agus in iomad áiteaḋ eile ar fud oirṫir cúige Ulaḋ; aċt is beg, faraoir, an meud Gaeḋilge cluintear sna h-áitiḃ sin anois. Tá Gaeḋilig deiscirt condae Dúin-na-nGall an ċosaṁuil re canaṁuin cúige Chonnaċt; féadtar a ráḋ gurab ionann canaṁna deiscirt Dúin-na-nGall agus tuaiscirt Chonnaċt; aċt nuair téiḋmid níos faide a dtuaiġ go bruaċaiḃ Loċa Súile, ní ċluinimid an ċanaṁuin ceudna. 'Sí Gaeḋilig na h-Alban agus blas na canaṁna sin cluintear a dtuaisceart Dúin-na-nGall, aċt ní cluintear ann, labairt cúige Mhuṁan ċuirid na h-Albanuiġ ar foclaiḃ mar "crann," "dall," "cuiṁne," etc. Tá focail an ċinéil sin ar na labairt ar feaḋ cúige Ulaḋ go léir mar labarṫar iad a gcúige Chonnaċt. 'Sí an

ḋiṫfir is mó eidir Gaeḋilig cúige Ulaḋ agus Gaeḋilig na gcúigeaḋ eile, an son geáirr ċuirear na h-Ulaiḋ ar na goṫaiḃ; labairid na focail "arán," "amadán," "folláin," mar sgríoḃfaiḋe "aran," "amadan," "follan" iad, gan síne fada ar an goṫ "a" Ní'l aon ċondae eile in Eirinn in a ḃfuil an meud sin diṫfire eidir canaṁuin Gaeḋilge d'a tuaisceart agus d'a deasceart a's atá a gcondae Dúin-na-nGall. Duḃairt an Saoi O Briadaiġ liom níos mó 'na fiċe bliaḋain ó soin guraḃ éigean dó uair aṁáin (ba feaḋmanaċ iasgaireaċd é) eidirṫeanguiġṫeoir do ḃeiṫ aige ar aisdear do rinne sé a nDún-na-nGall, óir ní raiḃ Gaeḋilig aige féin. Thug sé Gaeḋealgóir maiṫ leis, fear ó áit éigin a gcúige Chonnaċt. Do ṫuig sé daoine deiscirt Dúin-na-nGall an ṁaiṫ; aċt ḃí sé buailte go léir a n-Inis-Eoġain, agus ar ḃruaċaiḃ Loċa Súile. Tuigṫear de so go ḃfuil mórán diṫfire sa n-Gaeḋilig deiscirt agus tuaiscirt Dúin-na-nGall. Ba h-éigean d' O Briadaiġ eidirṫeanguiġṫeoir eile d' ḟaġail, agus an Connaċtaċ do ċur a baile. Naċ taisbeuntar de so amadánaċd canaṁna na Gaeḋilge do ċur a gcuiṁne le n-a gclobualaḋ. Chóṁ luaṫ a's tig failliġe 'gus dreioġteaċd ar ṫeanga, scoiltiḋ sí a gcanaṁnaiḃ, agus bíd mórán teangaḋ

ins na h-áitiḃ in naċ raiḃ aċt aon teanga 'ṁáin. Dá gcloḃuailfiḋe gaċ uile canaṁuin Gaeḋilge atá in Eirinn, ní h-é aon ḟoclóir aċt leaṫ-ḟiċead ba riaċtanaċ d'ḟáġail ċum na teanga do ṫuigsin. Ní'l aon niḋ ḃainear ris an nGaeḋilig, ná ċuireas bac níos measa ar a ḟoġluim, ar a fás agus ar a leaṫnuġaḋ 'na na canaṁna suaraċa so. Muna gcuirṫear síos iad le baraṁuil ṗubluiḋe na nEireannaċ go léir, ní ṫiocfuiḋ leo a dteanga ṫíoraṁuil do ḟaoraḋ ó ḃás. Ní cóir ar an áḋḃar sin, aon ċineul Gaeḋilge do ċur a gcló dá naċ ḃfaġmaoid a saṁuil a leaḃraiḃ do sgrioḃaḋ le fearaiḃ mar Céitinn, mar O Maolṁuaiḋ do sgrioḃ "Loċrann na gCreidiṁeaċ," no *Lucerna Fidelium*, dá ngoirṫear níos coitċinne air; mar Dunḟléiḃe do sgrioḃ an "Teagasg Criosduiġe;" mar O Doṁnaill d'aistriġ an Tiomnaḋ Nuaḋ; mar Charseul do sgrioḃ an "Leaḃar Urnuiġe Gaeḋilge;" agus na h-iomad úġdar eile dá dtáinic a leaḃair síos ċuġainn. B'ḟéidir naċ féadaid na h-uile ḋaoine Gaeḋilig do sgrioḃaḋ ċóṁ maiṫ ná ċóṁ ceart leis na daoiniḃ ainmniġṫear; aċt má ḋeunann sgriḃneoir a ḋiṫċioll ċum na teanga do sgrioḃ siad do sgrioḃaḋ, agus ċum an t-sompla do ṫug siad, do leanṁuin, ní cóir loċt d'ḟáġail air. Aċt 'nuair sgrioḃaid daoine cineul

Gaeḋilge naċ ḃfuil re fáġail in aon leaḃar, agus naċ tuigeann aon duine aċt iad so ar aon áit aṁáin, a deirim go ndeunaid daoine mar iad dioġḃáil ar an teanga in a sgrioḃaid; agus is deacair re meas go ḃfuil fíor ġráḋ ag aon neaċ ar a ṫeanga no ar a ṫír 'nuair is mian leis a ċanaṁuin ṫruailliġṫe féin do ċur ós cionn Gaeḋilge na ndaoineaḋ foġlumṫa ain-mniġṫear suas, agus a ċondae no a ṗaráisde féin do ċur ós cionn Eireann uile.

Ní ḃfuil aon áḋḃar againn re meas go raiḃ canaṁna san t-sean Ghaeḋilig. Má do ḃí, ní'l aon dearḃaḋ ḋe re fáġail san t-sean litreaċt Gaeḋilge ṫáinic anuas ċuġainn. Is cuma cá h-áit in Eirinn no in Albain in a sgrióḃfaiḋe leaḃair, ba h-ionnan an teanga in a sgrioḃfaiḋe iad dá sgrioḃfaiḋe san am céadna iad. Aċt is éigean a ráḋ nar sgrioḃ na Ceiṫre Maiġisdriḋe a dteang a an-aimsire. Do sgrioḃ siad san seaċtṁaḋ aois deug aċt is a dteanga na deaċṁaḋ aoise, no níos moiċe, in a sgrioḃadar, agus tá cuid d'a sgríḃinn níos deacra re tuigsin iona sgríḃinn na h-aonṁaḋ aoise deug dá dtugṫar sompla ċeana.

Ní ḃeiḋ an Ghaeḋilig ar an sliġe ṫreoruiġear ċum slánuiġeaċta no go mbeiḋ gaċ duine foġlumṫa innte, agus iad so ag a ḃfuil aon eolas litreaċ, dá luġa,

uirri, toileaṁuil gaċ niḋ miċeart a gcanaṁuin a n-áiteaḋ féin do ṡeaċnaḋ, agus do ċur ar gcúl, agus foirme agus focail cearta do ċleaċdaḋ, is cuma cad é an cúige no cad í an ċondae as a dtigid. 'Sí an "Locánaċt" so ba ṁallaċt na h-Eireann ó ṫús na h-aimsire, agus is í mallaċt na Gaeḋilge anois. Ní ṁeasann an ċuid is mó ḋíoḃ so labharas í fós, aon niḋ lán ceart innte, muna gcualadar é san áit in ar tógaḋ suas iad féin. 'Sé sin do ṫug ar ḟear ar a raiḃ eolas agam in America do ráḋ go n-aiṫḃeoġaiḋe an Ghaeḋilig níos usa, í do ḃeiṫ marḃ; óir dá mbeiḋeaḋ sí marḃ, ní ḃeiḋeaḋ níos mó troda a dtaoiḃ a labharṫa ná a graiméir. Ní aontuiġim leis an mbaraṁuil sin ar aon ċor; aċt ċuireas síos í re taisbeunaḋ na díoġḃála deuntar ar an Gaeḋilig le "Locánaċt." Le sompla Gaeḋilge na h-Alban ós ár súiliḃ, agus na stáide uaṫḃásaiġe in a ḃfuil sí, ag malairt ó ló go ló, a rioċt go sganruiġeann sí, ní aṁáin na coigcríoċa, aċt na daoine féin dar teanga ḋílеas í, is cóir ḋúinne ar ndiṫċioll do ḋeunaṁ teanga ṁiniġṫe na h-Eireann do ċoimeud glan.

Ar labairt a dtaoiḃ labharṫa na Gaedilge 'gus na n-áiteaḋ in a labharṫar an ċanaṁuin is feárr ḋí, ní buḋ mórán as bealaċ do ráḋ naċ cualas riaṁ an

Ghaeḋilg d'a labairt níos feárr iona le sean ḟear Albanaċ do rugaḋ a gCanada. Chuaiḋ a ḟinnsear go Canada timċeall na bliaḋna 1790, sul cuireaḋ a foirm láṫaireach ar Gaeḋilg na tíre sin, no sul milleaḋ í. Ba Ghaeḋilg na h-Eireann do labair an fear sin; níor ḃféidir leis léiġeaḋ ná sgrioḃaḋ; agus mar ġeall ar sin, do labair sé go ceart; óir bí Gaeḋilg nuaḋ na leaḃar Albanaċ, neaṁaiṫeannta ḋó. Is fíor go nduḃairt sé "ċa" in áit "ní" beagnaċ a gcoṁnuiḋe; aċt tá a ḟios ag gaċ aon le eolas ar an Gaeḋilg go bḟuil "ċa" lán ceart, agus go gcluintear é ar feaḋ cúige Ulaḋ ar fad, in gaċ áit in a labarṫar an t-sean ṫeanga fós.

91

An Dara h-Alt Deug.

Tá mórán Gaeḋilge nár ḟoillsiġeaḋ fós re fáġail ins na "Sgríḃinniḃ Naisiúntaċa Eireannaċa" atá ins an Árd Sgoil Ríoġaṁuil, in Áṫ-cliaṫ. Tá Gaeḋilig ann ó'n oċtṁaḋ aois gus an seaċtṁaḋ aois déag, agus is truaġ naċ bḟuil níos mó eolais uirri, óir biaḋ cuid dí lán tairḃeaċ dóiḃ so ag a bḟuil mian d'ḟoġluim Gaeḋilge, agus a n-eolas ar stáir na h-Eireann do ṁeudúġaḋ. Tá an litir leanas re feicsin ins an bḟoillsiuġaḋ mór luaiḋtear suas. Do sgríobaḋ í le Seáan O Neill ċum fir ionad na bainríġna sa mbliaḋain 1561. Chíḋfear gur sgríobaḋ a nGaeḋilig ċeirt í, agus naċ bḟuil aċt beagán eugsaṁulaċd eidir an Gaeḋilig atá innte agus an ċanaṁuin láṫairiġ. Tugṫar mar sgríobaḋ le O Néill í; ní deuntar aon ṁalairt innte

aċt cinn-litre do ċur a dtosaċ anmann dileas, agus beagán stad do ċur a ḃfeiḋm, óir ní ḃfuil stad ar biṫ sa bpriṁ-litir:

“ Beannaċt annso do ċum in Bharuin Sláine, agus do ċum ingine an Iarla; agus indis doiḃ gur ġaḃ me literaċaḋ in Iustis ar ar ṫuig me naċ toil leis in Iustis me féin n'a mo ḋuine no mo literaċaḋ do ċur re mo ḟreagra a cend na banrioġna; agus naċ áil leis aċ[t] gaḃaltas do ḋeunaṁ in m' ḟearann agus in mo ḋuṫaiḋ, aṁuil mur indistear daṁ gaċ laoi—gurab ail leis Iarla Ulaḋ da ġairm de; agus is maiṫ in derḃaḋ ar sin, coṁ luaṫ agus ṫanic in Iustis a n-Eirinn, in te do ḋliġfeaḋ literaċaḋ maille re graḋ do ċur ċugamsa, da ċur a gceill damsa a ṫeċt féin a n-Eirinn, mur naċ raiḃ a ḟis agam, indus go mbeiṫ luaṫġair ormsa fa n-a ṫeċt a n-Eirinn mur bu coir dam a ḃeit orm re teċt óglaiḋ agus ḟir-inait na banriġna; ise a ċontrail so do rinne in Iustis coṁ luaṫ agus tanic se a n-Eirinn. Nir ċuir teċta no litir ċugamsa re sgéala é féin do ṫeċt, aċt ṫanic ar tús ind mo ḋuṫaiġ do ḋeunaṁ gaḃaltais indti, dar leis féin; agus is deiṁain* gur deacair sin do ḋeunaṁ do ṫoil Dia, agus misi in mo ḃeaṫiḋ, agus go forṁór in coir agam do leṫtrom; agus da mbeiṫ in ċuid is ferr do ċlannaiḃ Neill agus misi gan anmain, ni dentai gaḃaltas ar in ċuid do beiṫ beo aca; agus is minic do ṫairgeaḋ gaḃaltas do ḋeunaṁ orra, agus nir

* “Deiṁain,” ionnan an focal so agus “deiṁin.”

crioċnaiḋeaḋ sin a riaṁ aca; agus ataimse 'ga cosaide riḃse, agus re maiṫiḃ Gall na h-Eirinn, naċ me féin is cinntaċ re dolaiḋ da ndentai a ḃos no ċuas; agus naċ raiḃe do ṁailis ormsa fa na ḋul a cend na banriġna, aċ[t] furreaċ re foacumail airgid d' ḟaġail a geall air ḃraiġdiḃ onoraċ do mo ṁuintir; agus ni maille re easonoir no re neaṁ-ṫoil dob ail lium a ḋul a ḃfiaġnise na banriġna, aċt maille re grаḋ agus re h-uṁlaċt agus re tairiseaċt; agus da m[b]u toil leis in lustis anois tar éis gaċ dolaiḋ da ndernaḋ ḋamsa, mur ata Ardmaċa do losgaḋ agus do ḃriseaḋ, agus mo ḃaile féin do ḃriseaḋ daṁ, na Sasannaiḋ do ḃreiṫ ċuigi as mo ḋuṫaiġ, mur is luaiṫi d' ḟedfaind, do ḃeind a triall a cend na banriġna; agus ma ta naċ toil leis sin, is deiṁain * naċ ḃfuil da ṁéd pairti rium, duine naċ beiti do ar coiṁed orm, agus forṁor siḃsi féin; agus dar leam féin ni ḃfuil coṁairle agaiḃsi, no aig duine ele do 'n ċoṁairle ar [in] lustis; agus ma ta is olc in ċoṁairle diḃ gan misi do ġabail maille re h-uṁlaċt a seirḃis na banrioġna, no ni leiginn eagla diḃ coṁairle do ṫaḃairt do; agus cuirmuit a ḟiaġnuise ar Dia naċ ḃfuil agaiḃ do ṁéd umla do 'n banriġain duine is mo re miangas, agus is mo ata ar ti m' uṁlaċt agus mo seirḃis do ṫaḃairt do'n banriġain' na misi, aċ[t] mur a ḃeiṫ in lustis, naċ ail leis sin do ġabail go toiltinneaċ uaim; ni beg sin.

Misi O Neill."

---

* "Deiṁain," ionnan an focal so agus "deiṁin."

Ní ṁeasaim go ḃfuil aon Ghaeḋilig ann, dá ṡine, atá mórán níos deacra re tuigsin ioná an litir so Sheáain Uí Néill. Mar duḃraḋ ċeana, ní'l aon stad innte ó ṫús go deireaḋ, agus ní'l aon ċinn-litir innte aċt an ceann le 'dtosuiġeann an litir. Re taḃairt uirri beiṫ níos deacra fós, is iomadaċ na crapaiḋ atá innte. Ní mór an t-iongnaḋ, ar an áḋḃar sin, go ndearnaḋ an té le'r aistrig í agus le'r aiṫsgríoḃaḋ í 'sna "Sgríḃinniḃ Naisiúntaċa Eireannaċa," mórán dearmad innte. 'Sí cóib ṗotograiṗe* ḋí atá san Ard Sgoil Ríoġaṁuil, agus is iontuigṫe go ḃfuil an sgríḃinn seargṫa tar éis tuilliḋ a's trí céad bliaḋan; agus má tá dearmuid san aiṫsgríoḃaḋ ḋí, tá go leor leiṫ-sgeul ag an té le'r dearnaḋ iad. Is ionann teanga na litre so Uí Néill agus Gaeḋilic an lae 'ndiu, aċt tá'n litriuġaḋ an ṡean. Is anaṁ ata "nn" re fáġail innte, tá "nd" cuirṫe 'n a áit beagnac a gcoṁnuiḋe, mar "cend" in áit "ceann;" "Eirind" in áit "Eirinn," etc. 'Sé an niḋ is measa innte, dar liom, litriuġaḋ an ċáis ainmniġ iolraiḋ de "litir;" 'sé "litreaċaḋ" a n-áit "litre" no "litreaċa" deuntar ḋe le O Néill. 'Sí "litreaċa"

* Photograiṗe; so-focal eile is riaċdanaċ do leigion sa nGaeḋilig. Ní'l aon teanga in Euróip in naċ faġṫar é.

an ḟoirm is coitċinne sgríoḃṫar anois; aċt measaim féin go ḃfuil "litre" an ḟoirm is feárr do'n ainmneaċ iolraḋ, agus do'n ġeineaṁnaċ uaṫa, agus is mar sin sgríoḃaid na Ceiṫre Maiġisdriḋe í. Is ó'n ḃfocal Laidne, *litera*, ṫáinic an focal Gaeḋilge, litir.

Tá litir eile ó Sheáan O Néill ċum fir-ionaid na bainríoġna Elisabet re feicsin san leaḃar ar ar tógḃaḋ an ceann suas. Ní'l aon dearḃaḋ 'gainn má sgríoḃaḋ na litre so le O Néill féin no le n-a rún-cléireaċ; is dóċa gur sgríoḃaḋ le n-a rún-cléireaċ iad, óir ní h-ionnan sgríḃinn an ċoṁarṫa agus sgríḃinn na litreaḋ féin.

AN TREAS ALT DÉAG.

Ní'l aon ċine daoineaḋ ḟoġluimeas teangṫa coigcríoċa ċóṁ mall le luċd an Bheurla. Deirṫear go ḃfuil na Fraincíġ níos measa fós d'a ḃfoġluim, aċt ní ṁeasaim go ḃfuilid. Is iongantaċ an luas le foġluimid Fraincíġ na Canada an Beurla. Chonnarcas mórán Francaċ a gCanada 'gus ins na Stáidiḃ Aontuiġṫe do laḃair Beurla a moḋ naċ saoil-fiḋe le h-aon duine gurḃ Fraincaiġ iad; aċt ní ḋeunaid dearmad ar a dteanga féin go deo. Saoilid an ċuid is mó díoḃ so dá ḃfuil an Beurla a dteanga ḋilear, go h-airiġṫe a Sacsain agus in America, go ḃfuil an Beurla i n-dán re beiṫ 'na teanga laḃarfar leis na h-uile ḋaoiniḃ ar fud an doṁain go goirid. Níor smuaineaḋ riaṁ smuaineaḋ níos amad-

ánaiġe 'na 'n smuaineaḋ sin; ní féidir le h-aon teanga ḃeiṫ catoileaca, 'sé sin, ar na labairt go coiteċeann arfud an doṁain go léir. Sul ṫiocfaḋ niḋ mar sin, ba h-éigean do'n doṁan go léir do ḃeiṫ 'n a aon ċine agus faoi aon riaġail, niḋ naċ tiocfaiḋ go dti deireaḋ an doṁain. Cia ṁeasas go n-éireóċaiḋ na Fraincigh, na Gearmáiniġ, na Sbáiniġ, agus na Ruisiġ as a dteangṫaib féin ċum Beurla labairt? Ní ṁeasfaiḋe é le h-aon duine ag a mbeiḋeaḋ lide céille coitċinne.

Is fíor gur mór, an mór an teanga an Beurla. Tá sé in Eirinn, agus fanfaiḋ sí innte. Ní cóir na teangṫa bege do sgrios, mar naċ cóir na cineaḋaċa bege do sgrios. Má h-aiṫbeoġaid na h-Eireannuiġ a dteanga, ní beiḋ riaċtanaċ dóib an Beurla do ḋíbirt; aċt buḋ ċeart dóib a mbeiṫ dá-ṫeangaċ mar atá mórán cineaḋaċ eile. Deunamaois áireaṁ garb ar an meud daoineaḋ dá-ṫeangaċ atá ar Mór-ṫír na h-Eorpa: Tá sé milliún daoineaḋ i mBelgium agus tá, ar an laiġead, trí milliún díob so labaras dá ṫeanga, eaḋon, Fraincis agus Flemis. Tá trí milliún daoineaḋ a Suitserland, agus tá ar an laiġead, milliún go leiṫ díob so labaras Fraincis agus Gearmáinis. Tá dá ṁilliún daoineaḋ in Alsas-Lorréin

agus Lucsemburg, agus tá ar an laiġead milliún díoḃ so labarar dá ṫeanga, eaḋon, Fraincis agus Gearmáinis. Tá níos mó na dá ḟiċid milliún daoineaḋ in impireaċt na h-Austria, dá ḃfuil Gearmáinis n'a ceann—theanga, agus tá, ar an laiġead, cúig milliúin díoḃ so labarar Gearmáinis agus ceann éigin de na h-il-ṫeangṫaiḃ atá d'a labairt leis na h-il-ċineaḋaċaiḃ atá faoi ċuṁaċd Austria. Do réir an chunntais so, agus ní ṁeasaim go ḃfuil sé a ḃfad ar seaċrán, tá deiċ milliún go leiṫ daoineaḋ 'sa Mór-ṫír na h-Eorpa labarar dá ṫeanga. Creud fá naċ féidir leis na h-Eireannaċaiḃ do ḋeunaṁ an neiṫe deuntar le deiċ milliún go leiṫ de ḋaoiniḃ eile? B'ḟéidir go ndearfar go ḃfuil níos mó diṫfre eidir Beurla 'gus Gaeḋilig iona tá eidir Fraincis agus Gearmáinis. Go deiṁin ní ḃfuil. Ní'l dá ṫeanga in Euróip eidir a ḃfuil diṫfir níos doiṁne 'na eidir an dá ṫeanga ṡuas; agus tá gaċ aon ċeann de na h-ilṫeangṫaiḃ atá faoi ċuṁaċt Austria eugsaṁuil go léir ó Ghearmáinis.

In aiṁḋeoin na h-uile mío-aḋ, 'gus míoḟortún do lean an Ghaeḋilig ar feaḋ níos mó 'na trí ċéad bliaḋan; in aiṁḋeoin an dearmaid rinneaḋ uirri leo so darḃ cóir a cuiṁniuġaḋ agus a coṫuġaḋ; agus

in aiṁḋeoin an déistin agus an diṁeasta fuair sí ó n-a cloinn féin, is mór agus is miniġṫe an teanga i,—freagaraċ do'n óráidiḋe 'gus do'n ḟile, do'n ḟealsaṁ agus do'n ḟeanmóiriḋe. Aċt 'sé an seinnteoir aḃrán darab cóir an Ghaeḋilig do ġráḋuġaḋ ; agus deirṫear le h-aos ceoil do ċuala aḃráin d'a ngaḃáil innte, naċ ḃfuil aon teanga eile ċóṁ binn lei a mbeul an aḃránuiḋe. Sin an seod luaċṁar ar a ḃfuil déistion agus díṁeas ag mórán de ṁuintir na h-Eireann.

CRIOĊ.

Printed by Sealy, Bryers & Walker, Middle Abbey Street, Dublin.

27

Date Due

JUN 1 2 2009			

231165
BOSTON COLLEGE
3 9031 01172849 0

PB1216
.R8T3 231165
Author Russell Thomas O'Neill
Title Teanga Thioramuil na hEir-
eann in a gCuirtear ...

Russell

Boston College Library
Chestnut Hill 67, Mass.

Books may be kept for two weeks unless a shorter time is specified.

Two cents a day is charged for each 2-week book kept overtime; 25 cents a day for each overnight book.

If you cannot find what you want, inquire at the delivery desk for assistance.

2-50